

Comharchumann  
Dhúiche Sheoigheach Teo.©

PLEAN TEANGA  
don Limistéar Pleanála Teanga

**Dúiche Sheoigheach &  
Tuar Mhic Éadaigh**

2018 - 2025



Comharchumann  
Dhúiche  
Sheoigheach Teo.



Údarás na Gaeltachta

# PLEAN TEANGA

DON LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA

DÚICHE SHEOIGHEACH  
AGUS  
TUAR MHIC ÉADAIGH

CURTHA LE CHÉILE AG  
COMHARCHUMANN DHÚICHE  
SHEOIGHEACH TEO.®  
D'ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Údar: Tomás Mac Con Iomaire  
i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga CDS Teo.  
Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo



Comharchumann  
Dhúiche  
Sheoigheach Teo.



Údarás na Gaeltachta

# Clár

---

Réamhrá	1
An Cheanneagraíocht	2
Aidhmeanna agus Cuspóirí	4
An Ceantar	6
An Limistéar Pleanála Teanga	19
Daonra	20
Modheolaíocht agus Taighde	21
Struchtúr, Feidhmiú agus Monatóireacht	23
Réimsí na Pleanála Teanga	25
1. An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)	26
Bearta don Fhóram Oideachais	28
Réamhoideachas	29
Bearta don Réamhoideachas	30
Bunscoileanna	34
Bearta don Bhunoideachas	37
Meánoideachas	42
Bearta don Mheánoideachas	44
2. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teanga	48
Bearta do na Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teanga	49
3. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile	51
Bearta do Sheirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile	53
4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	57
Bearta do Dheiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	58

# Clár

---

5. An Earnáil Ghnó	60
Bearta don Earnáil Ghnó	62
6. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn	64
Bearta d'Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn	65
7. Na Meáin Chumarsáide	67
Bearta do na Meáin Chumarsáide	68
8. Seirbhísí Poiblí	70
Bearta do Sheirbhísí Poiblí	72
9. Pleanáil agus Forbairt Fhisiúil	75
Bearta don Pleanáil agus don Fhorbairt Fhisiúil	76
10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	78
Bearta do Sheirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	79
11. Staid na Gaeilge sa Limistéar	81
Bearta maidir le Staid na Gaeilge sa Limistéar	84
Achoimre ar bheartais gnímh Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh	86
Summary of the action measures in the Dúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh Language Plan	88
Costas agus Maoiniú	90
Costas na mBeartas	90
Aguisín 1	96
Aguisín 2	102
Aguisín 3	105
Aguisín 4	132
Tagairtí & Foinsí Eolais	138

# NODA

---

<b>CCTFTMÉ</b>	Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh
<b>CDS</b>	Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.
<b>CLG</b>	Cainteoirí Laethúla Gaeilge
<b>CNNG</b>	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
<b>Co.Co.</b>	Comhairle Contae
<b>CPT</b>	Coiste Pleanála Teanga
<b>FSS</b>	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
<b>BOOGR</b>	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
<b>LPT</b>	Limistéar Pleanála Teanga
<b>OÉG</b>	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
<b>OTM</b>	Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí
<b>OPT</b>	Oifigeach Pleanála Teanga
<b>REOGR TG</b>	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
<b>RCOG</b>	An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
<b>RnaG</b>	RTÉ Raidió na Gaeltachta
<b>SPSS</b>	Statistical Package for the Social Sciences
<b>ÚnaG</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>VTOS</b>	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála

# Réamhrá

Tugann Acht na Gaeltachta, 2012 feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta.

I mí na Nollag 2010 d'fhoilsigh an Rialtas **An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**. Dhá bhliain dár gcionn foilsíodh Acht na Gaeltachta, 2012.

*Tugann Acht na Gaeltachta, 2012 feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhféadfai aitheantas a thabhairt dóibh faoin Acht mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge.*

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Is iad cuspóirí sonracha na Straitéise:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa Ghaeltacht gach lá a ardú 25% agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga, a mhéadú.

Is é **Acht na Gaeltachta, 2012** a thugann bonn reachtúil don phróiseas pleanála teanga sa nGaeltacht. Sainítear san Acht:

- Go ndéanfar athshainiú ar theorainneacha na Gaeltachta den chéad uair ó 1956: beidh stádas Gaeltachta amach anseo bunaithe ar chritéir theangeolaíochta seachas ar an tíreolaíocht;
- Go n-aithnítear 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) a gcaithfear Plean Teanga a ullmhú dóibh le go gcoinneofar stádas Gaeltachta an LPT;
- Go roghnóidh Údarás na Gaeltachta Ceanneagraíocht i ngach LPT leis an bpróiseas pleanála teanga sa LPT a bhainistiú agus go dtabharfar tréimhse dhá bhliain don Ceanneagraíocht leis an bPlean Teanga a ullmhú;
- Go gcuirfear an Plean Teanga faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le faomhadh agus go mbeidh seacht mbliana ag an gCeanneagraíocht leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm sa LPT ansin.

Mar chuid den Phróiseas Pleanála Teanga sa nGaeltacht, tá Údarás na Gaeltachta freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta. Roghnaigh Údarás na Gaeltachta **Comharchumann Dhúiche Sheoigheach** mar cheanneagraíocht le plean teanga a ullmhú don Limistéar Pleanála Teanga ar a dtugtar Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh.

Is éard atá sa bplean teanga seo léamh ar iompar na Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh ag an tráth seo, mar aon le moltaí praiticiúla a chabhróidh le pobal an LPT an Ghaeilge a choinneáil beo agus cur leis an líon daoine a bhaineann úsáid as an nGaeilge mar theanga chumarsáide rialta.

# An Cheanneagraíocht

In 2015 cheap Údarás na Gaeltachta Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (CDS) mar cheanneagraíocht le plean teanga a ullmhú do Limistéar Pleanála Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Sheol CDS Teo. feachtas fógraíochta sna meáin chlóite agus raidió go háitiúil agus eagraíodh cruinnithe poiblí ionas go mbeadh an pobal ar an eolas go raibh CDS le tabhairt faoin bplean teanga. As an bhfeachtas poiblíochta sin cheap an comharchumann coiste pleanála teanga atá ionadaíoch ar an dá phobal.

## COISTE PLEANÁLA TEANGA

Cathaoirleach: Marie Ní Chríodáin,  
Bainisteoir CDS Teo.

Rúnaí: Nóra McHugh King,  
Oifigeach Forbartha CCTFTMÉ

Gearóid Breathnach,  
Coiste CDS Teo.

Áine Bhreathnach,  
Ionadaí Fhochoiste Pleanála  
Teanga Dhúiche Sheoigheach

Pádraig Ó hÉanacháin,  
Ionadaí Fhochoiste Pleanála  
Teanga Thuar Mhic Éadaigh

Seosamh Mac Eochagáin,  
Ionadaí Fhochoiste Pleanála  
Teanga Dhúiche Sheoigheach

Denise Fox,  
Ionadaí Fhochoiste Pleanála  
Teanga Thuar Mhic Éadaigh

Le linn an fheachtais phoiblíochta, léirigh daoine suim a bheith gníomhach san ullmhúchán don phlean teanga agus ceapadh fochoistí pleanála teanga i nDúiche Sheoigheach agus i dTuar Mhic Éadaigh. Seo a leanas baill na bhFochoistí Pleanála Teanga san LPT:

## FOCHOISTE PLEANÁLA TEANGA DHÚICHE SHEOIGHEACH

Cathaoirleach: Áine Bhreathnach

Rúnaí: Judy Ní Dhubháin  
Maggi Nic Shiomóin  
Bríd Uí Néill  
Áine Uí Choirbín  
Tomás Ó Flatharta  
Seosamh Mac Eochagáin  
Art Ó Súilleabháin  
Gearóid Ó Catháin  
Piaras Ó Dochartaigh

## FOCHOISTE PLEANÁLA TEANGA THUAR MHC ÉADAIGH

Cathaoirleach: Pádraig Ó hÉanacháin

Rúnaí: Denise Fox  
Liam Ó Ruáin  
Tomas Ó hÉanacháin  
Marian Ní Mháille  
Sheona Ní Mháille


D'fhógair an cheanneagraíocht go poiblí go raibh comhairleoir á lorg a bheadh mar chomhordaitheoir ar an bplean teanga. De thoradh comórtas poiblí ceapadh Tomás Mac Con Iomaire mar chomhairleoir don Choiste Pleanála Teanga.

**Plean Teanga  
Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh**

Tá **Plean Teanga** á chur le chéile do cheantar Dhúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh idir seo agus Iár 2017. Tá muid ag casadh le grúpaí éagsúla sa cheantar ach ba bhreá linn cloisteáil **uait** faoi do chuid tuairimí ar an nGaeilge, na buntáistí, na dúshláin agus deiseanna a bhaineann léi, dar leat.

Ba mhaith linn go mairfeadh ár dteanga agus cultúr go dtí an chéad ghlúin eile agus is tríd an phleanáil teanga a dhéanann muid é sin.

**Bí Gníomhach sa Phlean - Labhair Linn**



**Tuilleadh Eolais**  
C.D.S. Teo  
Corr na Móna  
Co. na Gaillimhe  
094-9548031 / [cdst@eircom.net](mailto:cdst@eircom.net)

*English Overlay*



**C.D.S. Teo.**  
Corr na Móna, Co. na Gaillimhe.  
Teil: (094) 9548031 Rphost: [cdst@eircom.net](mailto:cdst@eircom.net)

**Comhordaitheoir Pleanála Teanga á lorg do  
LPT Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh**

Tá Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Dhúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh ag lorg tairiscintí ó eagrais nó dhaoine aonair atá cáilithe i réimse na pleanála teanga le seirbhís a chur ar fáil trí chomhordú a dhéanamh ar thionscadal pleanála teanga.

Beidh an té/eagras a fhostófar ag obair faoi stiúir an choiste chun staid reatha na Gaeilge sa limistéar a mheas agus plean teanga a ullmhú i gcomhpháirtíocht leis an gcoiste dá réir.

Tuilleadh eolais agus Téarmaí Tagartha ar fáil ó Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. ach glaoch a chur ar 094-9548031 nó r-phost chuig [cdst@eircom.net](mailto:cdst@eircom.net).

Seol iarratas mar aon le CV, roimh **5.00i.n. Dé hAoine 19ú Feabhra 2016** chuig: Bainisteoir, C.D.S. Teo, Corr na Móna, Co. na Gaillimhe.

## BUIÓCHAS

Tá Coiste Pleanála Teanga CDS Teo. faoi chomaoin ag gach duine a bhí páirteach in ullmhú an phlean teanga seo. Tá buíochas ag dul don phobal a thug tuairimí agus moltaí, a ghlac páirt i gcrúinnithe, grúpaí fócais agus taighde. Tá buíochas ag dul do bhaill an Choiste Pleanála Teanga agus do bhaill na bhFochoistí Pleanála Teanga a d'oibrigh go dícheallach agus go coinsiasúil i bhforbairt an phlean teanga. Tá focal speisialta buíochais tuille ag CDS Teo., agus go háirithe ag

bainisteoir CDS Teo. agus Cathaoirleach an Choiste Pleanála Teanga, Marie Ní Chríodáin.

Tá buíochas ag dul don Údarás as a dtreoir agus a gcabhair i rith an phróisis.

Chuir Údarás na Gaeltachta maoiniú ar fáil d'ullmhú Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh.



# Aidhmeanna agus Cuspóirí

Aidhm	Cuspóir
Go dtiocfadh ardú 20% faoin mbliain 2025 ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge atá san LPT i nDaonáireamh 2016	Lena chinntiú go mairfeadh an pobal mar phobal Gaeltachta
Go mbeadh gach bunscoil agus meánscoil san LPT cláraithe agus ag feidhmiú plan gníomhaíochta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 agus go ndéanfaí buanú ar an nasc atá idir naíonraí agus bunscoileanna	Ar mhaithe le córas oideachais lánGhaeilge a chothú agus a neartú
Go gcuirfí brú ar an Stát gach seirbhís a chuireann sé ar fáil don phobal a bheith ar fáil i nGaeilge faoin mbliain 2020	Ionas go mbeadh an Státchóras inniúil freastal ar dhaoine ar mian leo déileáil leis an Státchóras trí Ghaeilge
Go ndéanfaí breis infheistíochta i gcruthú fostaíochta agus forbairt fiontraíochta san LPT	Ionas go mbeadh saothrú go háitiúil i gcomharsanacht Gaeltachta ag an bpobal
Go nglacfadh gach cumann agus eagraíocht dheonach orthu féin polasaí sonracha teanga a fheidhmiú	Ionas go mbeadh an Ghaeilge ina gnáth-theanga chumarsáide ag óg agus aosta
Go ndéanfaí “normalú” ar labhairt na Gaeilge i measc daoine óga	Ionas go mbeadh an Ghaeilge á labhairt níos forleithne i measc óige an LPT
Go mbeadh comharthaíocht i nGaeilge nó dátheangach go suntasach ar fud an LPT, idir chomharthaíocht fhísiciúil phoiblí agus chomharthaíocht lucht gnó agus tionsclaíoch	Le go mbeadh sé soiléir do chách gur ceantar Gaeltachta é an LPT
Go dtabharfaí gach tacaíocht do lucht gnó le go mbeadh an Ghaeilge mar theanga chumarsáide san ionad oibre, sa mhéid agus is féidir, ach go háirithe nuair atá lucht gnó ag déileáil leis an bpobal	Aitheantas a thabhairt don Ghaeilge mar gháth-theanga oibre agus chumarsáide

Pleanáil Teanga / *Language Planning*  
Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh

Cuirfear achoimre do Phlean Teanga an Limistéir i láthair ag na cruinnithe poiblí.

*A summary of the Language Plan for the Area will be presented at the public meetings*

# Cruinnithe Poiblí - *Public Meetings*

**Do Phlean -  
Bí Páirteach Ann**

**Your Plan -  
Have Your Say**



Comharchumann  
Dhúiche  
Sheoigheach Teo.

**Tuilleadh Eolais/  
Further Information**  
C.D.S. Teo.,  
Corr na Móna,  
Co. na Gaillimhe  
094-9548031  
cdst@eircom.net

Céadaoin, 11 Deireadh Fómhair 2017  
8.00i.n.  
Oifigí C.D.S. Teo., Corr na Móna

Wednesday, 11 October 2017 -  
8.00pm  
C.D.S. Teo. Offices, Corr na Móna

Déardaoin, 12 Deireadh Fómhair 2017  
8.00i.n.  
Halla Thuar Mhic Éadaigh

Thursday, 12 October 2017  
8.00pm  
Halla Thuar Mhic Éadaigh

# An Ceantar

*“Tá áilleacht agus suaimhneas na dúiche seo ar eolas i bhfad agus i ngearr le fada an lá, ach bheadh iontas an domhain ar an té a thabharfadh cuairt inniu ar an áit ar a fháil amach dó nach amhlaidh a bhí an áit i gcónaí.”*

Sin mar a chuir Áine Bhreathnach síos ar cheantar Dhúiche Sheoigheach sa leabhar **Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán**, a d’fhoilsigh Raidió na Gaeltachta<sup>1</sup> sa mbliain 2000.

Ag cur síos dó ar cheantar Thuar Mhic Éadaigh sa leabhar céanna, deir Tomás Ó hÉanacháin *“Is féidir a rá gur sort oileán an ceantar seo, mar go bhfuil sé gearrtha amach ón tír timpeall air... B’fhéidir gurbh in é an fáth gur mhair an Ghaeilge ann nuair a bhí an teanga imithe sa tír thart timpeall.”* Cur síos cruinn é seo ag an mbeirt scríbhneoirí ar a gceantar dúchais, ceantar a chonaic a dhóthain den chruatan agus den bhochtanas agus cé nach bhfuil an ceantar fós chomh forbartha is a d’fhéadfadh a bheith, is mór an dul chun cinn atá tagtha ar an gceantar le leathchéad bliain anuas.

Ceantar imeallach Gaeltachta, oileán intíre, é an LPT agus é timpeallaithe ag bailte a dhéanann freastal ó thaobh gnó agus seirbhísí ar an LPT. Ar na bailte sin tá Conga, Baile an Róba, Áth Cinn, Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh, Uachtar Ard agus An Clochán.

Ceantar é seo ar fhág an imirce marc láidir air agus tá sin le feiceáil ón líon mór bunscoileanna a dúnadh sa dá phobal le blianta anuas. Ní hamháin go ndeachaigh muintir an cheantair ar imirce thar lear, ach i 1940 d’aistrigh 24 teaghlach as Dúiche Sheoigheach go Co. na Mí mar ar chuir Coimisiún na Talún gabháltais talún ar fáil dóibh. Arís ag deireadh na 1950idí d’aistrigh roinnt teaghlach eile go Co. na Mí.

Ach tá **misneach agus spiorad** ar leith sa dá phobal seo agus tá siad an-ghníomhach i gcur chun cinn an cheantair. D’eagraigh an pobal iad féin mar choistí forbartha agus pobail; tógadh hallaí agus ionaid pobail;

réitíodh páirceanna peile agus ionaid eile caitheamh aimsire; bunaíodh coistí le tacú le seanóirí an phobail; rinneadh forbairt ar oideachas don óige agus don aosach agus tá an turasóireacht tagtha chun cinn go mór de bharr na hoibre atá déanta sa bpobal. Bhí agus tá cáil ar chumainn drámaíochta an cheantair, go háirithe Cumann Drámaíochta Chorr na Móna le drámaí, agallaimh beirte agus stáitsíocht eile agus go dtí an lá atá inniu ann tá saibhreas ar leith cumadóireachta pobail, idir fhilíocht, agallaimh beirte agus stáitsíocht eile le fáil sa gceantar. Eagraíodh an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta sa gceantar faoi dhó.

Coinníodh an teanga beo i measc an phobail **trína labhairt agus trí ghreim a choinneáil ar sheantraidisiúin Ghaeltachta**. Cruthaíodh fostaíocht a choinnigh daoine ag baile. Is dhá phobal iad seo atá **mórtasach** agus dílis agus a bhfuil an-fhonn orthu a chinntiú go mairfidh na pobail seo beo bríomhar sa gceantar.

Dhá phobal faoi leith atá i gceist. Cé go bhfuil Dúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh curtha le chéile mar Limistéar Pleanála Teanga amháin, **is beag ceangal atá go sóisialta idir an dá phobal seo**. Ar feadh tamaill, tar éis bhunú Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach, ag tráth a raibh an comharchumann ag díriú ar fheirmeoireacht sléibhe, d’fhéadfá a rá go raibh ceangal idir an dá phobal. Ach ba cheangal gnó a bhí ann seachas ceangal pobail. Cé nach bhfuil ach achar gairid bóthair idir an dá phobal, tá sléibhte agus lochanna á scaradh óna chéile.

Mar sin féin, tá an dá phobal ag tabhairt faoin bPlean Teanga le fuinneamh ar mhaithe leis na glúine atá le theacht agus ar mhaithe leis an teanga a choinneáil ina teanga labhartha agus chumarsáide.

<sup>1</sup> Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán; Raidió na Gaeltachta i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht 2000.

Fearacht an chuid eile den Ghaeltacht, níl an Ghaeilge chomh láidir sa gceantar is a bhíodh, ach is mór an meas atá ar an nGaeilge sa lá atá inniu ann le hais mar a bhí sa mbliain 1882 nuair a daoradh Maolra Seoighe as an bpobal seo chun báis san éagóir agus gan é in ann cur ar a shon féin toisc nach raibh aige ach Gaeilge.

## AN GHAELIGE

Níl aon pháirt de LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh i gCatagóir A<sup>2</sup> mar atá leagtha amach sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht. Tá dhá thoghroinn i gCatagóir B, Abhainn Bhraín i dTuar Mhic Éadaigh agus An Ros i nDúiche Sheoigheach. I gCatagóir C atá formhór mór den LPT. I gceantar Thuar Mhic Éadaigh, tá trí thoghroinn, Baile Óbha, Tamhnaigh na Graí agus Partraí nach bhfuil ach cuid áirithe den trí thoghroinn sa nGaeltacht. I nDúiche Sheoigheach, níl ach cud áirithe de thoghroinn Leitir Breacáin sa nGaeltacht.

### Duiche Sheoigheach

Baile	Catagóir
An Ros	B
An Corr	C
Leitir Breacáin*	C
Conga	C
An Fhairche	C

### Tuar Mhic Éadaigh

Baile	Catagóir
Abhainn Bhraín	B
Baile an Chalaídh	C
An Cheapaigh Dhuibh	C
Baile Óbha*	C
Tamhnaigh na Graí*	C
Partraí*	C

Foinse: Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do na dúshlán teanga atá ag an LPT seo. Mar a dúradh roimh ré is oileán intíre é an LPT a bhfuil brú air ón mBéarla ar gach taobh.

- Níl ceachtar den dá cheantar san LPT ag luí go tíreolaíoch le haon cheantar Gaeltachta eile.
- Níl aon cheangal láidir sóisialta ná eacnamaíochta ag an dá cheantar san LPT le chéile.
- Ní ón nGaeltacht céatadán ard de thuismitheoirí an LPT.
- Tagann c.50% de na scoláirí atá ag freastal ar an dá mheánscoil san LPT ó cheantair taobh amuigh den Ghaeltacht.

Ag tabhairt na ndúshlán seo ar fad san áireamh, ní foláir tacaíocht agus spreagadh a thabhairt don LPT más leis an nGaeilge maireachtáil mar theanga labhartha.

## OIDEACHAS

### Réamhoideachas

Tá trí naíonra lonnaithe san LPT. Tá péire acu seo i nDúiche Sheoigheach agus ceann i dTuar Mhic Éadaigh. Tá Naíonra Dhúiche Sheoigheach faoi scáth Ghaeloideachas agus tá Naíonra na Fairche agus Naíonra Thuar Mhic Éadaigh faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

### Naíonra Dhúiche Sheoigheach

Tá Naíonra Dhúiche Sheoigheach lonnaithe i gCorr na Móna. Tá 15 páiste ag freastal ar an naíonra. Naíonra lán-Ghaeilge é Naíonra Dhúiche Sheoigheach. Tá an naíonra cláraithe le Gaeloideachas.

### Naíonra na Fairche

Tá Naíonra na Fairche lonnaithe ar an bhFairche. Tá 19 páiste ag freastal ar an naíonra, méadú faoi thrí le blianta beaga anuas. Naíonra lán-Ghaeilge é Naíonra na Fairche. Tá an naíonra faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

### Naíonra Thuar Mhic Éadaigh

Tá Naíonra Thuar Mhic Éadaigh lonnaithe i Scoil na Sraithe. Tá 18 páiste ag freastal ar an naíonra. Tá an naíonra faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Naíonra lán-Ghaeilge é Naíonra Thuar Mhic Éadaigh.

2 CATAGÓIRÍ DE RÉIR AN STAIDÉAR CUIMSITHEACH TEANGEOLAÍOCH AR ÚSÁID NA GAEILGE SA GHAELTACHT 2007  
 CATAGÓIR A 67% DEN DAONRA IOMLÁN 3 BLIANA + INA GCÁINTEOIRÍ LAETHÚLA  
 CATAGÓIR B 44%-66% DEN DAONRA IOMLÁN 3 BLIANA + INA GCÁINTEOIRÍ LAETHÚLA  
 CATAGÓIR C FAOI BHUN 44% DEN DAONRA IOMLÁN 3 BLIANA + INA GCÁINTEOIRÍ LAETHÚLA

## Bunscoileanna

Tá cúig bhunscoil san LPT. Tá ceithre cinn de na scoileanna i nDúiche Sheoigheach agus ceann i dTuar Mhic Éadaigh. (Tá Scoil Choill an tSidheáin i gceantar Thuar Mhic Éadaigh dúnta ó rinneadh an suirbhé seo in Earrach na bliana 2017). Scoileanna lán-Ghaeilge na scoileanna ar fad, cé nach i nGaeilge go hiomlán a dhéantar an teagasc i ngach scoil.

Scoil	Líon páistí
Scoil Bhríde, Tír na Cille	34
Scoil Mhuire, Corr na Móna	58
Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac	26
Scoil Naomh Pádraig, An Fhairche	48
Scoil Choill an tSidheáin	10
Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh	78

Scoilbhliain 2016/2017

### Scoil Bhríde, Tír na Cille, An Mám

Tá 34 páiste ag freastal ar Scoil Bhríde. Tá líon na bpáistí atá ag freastal ar an scoil ag méadú le roinnt blianta anuas. Scoil lán-Ghaeilge í go hoifigiúil, ach gníomhaíonn an scoil go dátheangach. Tá beirt mhúinteoirí buana agus múinteoir tacaíochta agus feabhais páirtaimseartha sa scoil. Níl cúntóir teanga sa scoil. Tá béim i gclós na scoile ar an nGaeilge a úsáid sa súgradh seachas a bheith éigeantach.

Tá páistí ag freastal ón gceantar áitiúil mar aon le páistí ón Sraith Salach, An Líonán agus Leitir Fraic. Nuair a fhágann na páistí Scoil Bhríde, déanann siad freastal ar mheánscoileanna i gCorr na Móna, Uachtar Ard agus An Clochán.

### Scoil Mhuire, Corr na Móna

Is í Scoil Mhuire, Corr na Móna, an bhunscoil is mó i nDúiche Sheoigheach. Tá 58 páiste ag freastal ar an scoil. Laghdaigh líon na bpáistí atá ag freastal ar an scoil le blianta ach tá an líon páistí atá ag freastal cothrom go maith le blianta beaga anuas. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Mhuire. Tá triúr múinteoirí buana sa scoil, mar aon le múinteoir tacaíochta agus feabhais páirtaimseartha. Níl cúntóir teanga sa scoil. Tá polasaí láidir Gaeilge á chleachtadh i gclós na scoile. Airíonn an scoil nach bhfuil dóthain seirbhísí tacaíochta ar fáil don scoil trí Ghaeilge. Nuair a fhágann na páistí Scoil Mhuire, déanann a bhformhór freastal ar Choláiste Naomh Feichín, Corr na Móna, agus ar

mheánscoileanna i dTuar Mhic Éadaigh, Uachtar Ard, Áth Cinn agus Baile an Róba.

### Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac

Tá 26 páiste ag freastal ar Scoil Naomh Pádraig. Tá laghdú tagtha ar líon na bpáistí le deich mbliana anuas. Tá beirt mhúinteoirí buana, mar aon le múinteoir tacaíochta agus feabhais páirtaimseartha, sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Naomh Pádraig ach déantar obair i mBéarla i gcásanna ar leith. Múintear gach ábhar trí Ghaeilge, ach i Rang 6 múintear na hábhair i nGaeilge agus i mBéarla. Tá cúntóir teanga ag gníomhú sa scoil. Nuair a fhágann na páistí Scoil Naomh Pádraig, déanann siad freastal ar mheánscoileanna i gCorr na Móna, Tuar Mhic Éadaigh agus Baile an Róba.

### Scoil Naomh Pádraig, An Fhairche

Tá 48 páiste ag freastal ar Scoil Naomh Pádraig, an Fhairche. Tá ardú leanúnach ag teacht ar líon na bpáistí atá ag freastal ar an scoil. Tá beirt mhúinteoirí buana, múinteoir tacaíochta páirtaimseartha agus beirt mhúinteoirí acmhainní páirtaimseartha, sa scoil. Níl cúntóir teanga sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Naomh Pádraig agus tá córas tumoideachais i bhfeidhm sa scoil. Gaeilge amháin a labhraítear sa seomra ranga agus sa gclós agus, de bharr polasaí láidir Gaeilge a bheith i bhfeidhm sa scoil le roinnt blianta anuas, labhraíonn na páistí Gaeilge eatarthu féin formhór an ama. Airíonn an scoil go bhfuil ag éirí go maith leis an bpolasaí Gaeilge atá i bhfeidhm sa scoil, ach teastaíonn breis tacaíochta uathu ón gcóras oideachais. Nuair a fhágann na páistí Scoil Naomh Pádraig, déanann siad freastal ar mheánscoileanna i gCorr na Móna, Tuar Mhic Éadaigh, Áth Cinn agus Baile an Róba.

### Scoil Náisiúnta Choill an tSidheáin

Is í Scoil Náisiúnta Choill an tSidheáin an scoil is lú san LPT. Dúnadh an scoil ag deireadh na scoilbhliana 2016/2017 agus aistríodh an fhoireann agus na páistí go Scoil Phartraí atá taobh amuigh den Ghaeltacht. Dúnadh an scoil de bharr an laghdú atá tagtha ar dhaoine an cheantair agus, dá réir, ar líon na bpáistí a bhí ag freastal ar an scoil. Glactar leis go háitiúil gur tubaiste eile don Ghaeilge atá anseo mar go bhfuil pobal scoile Choill an tSidheáin ar cheann de na pobail is láidre ó thaobh na Gaeilge i gceantar Thuar Mhic Éadaigh.

Bhí 10 bpáiste ag freastal ar an scoil agus bhí beirt mhúinteoirí sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge a bhí i Scoil Choill a tSiáin agus bhí córas tumoideachais sa scoil.

### Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh

Is í Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh an bhunscoil is mó i dTuar Mhic Éadaigh agus **an bhunscoil is mó san LPT**. Tá 78 páiste ag freastal ar an scoil. Tá triúr múinteoirí buana agus múinteoir tacaíochta agus feabhais páirtaimseartha sa scoil. Níl cúntóir teanga sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh. Múintear gach ábhar trí Gaeilge agus tugtar gríosú do na páistí Gaeilge a labhairt eatarthu féin sa gclós. **Ó tharla, a deir an scoil, nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil ag go leor de na tuismitheoirí, cuirtear béim ar chomhrá Gaeilge ar scoil agus ag baile.** Nuair a fhágann na páistí Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh, déanann a bhformhór freastal ar an meánscoil áitiúil.

### Scoileanna dúnta i nDúiche Sheoigheach<sup>3</sup>

Bhí ocht gcinn de scoileanna náisiúnta i gceantar Dhúiche Sheoigheach sna 1930idí. Bhí scoileanna náisiúnta i mBéal Átha na mBreac, Tír na Cille, **An Cheathrú Gharbh**, Corr na Móna, Cluain Brún, Driseachán, Scoil na gCailíní, An Fhairche agus Scoil na mBuachaillí, An Fhairche. Nuair a laghdaigh an freastal ar na scoileanna, rinneadh cónascadh idir na scoileanna éagsúla.

Scoil	Bliain a dúnta	Líon Scoláirí	Cónascadh le
Cluain Brún	1943	6	Corr na Móna
<b>An Cheathrú Gharbh</b>	1966	10	Corr na Móna
Driseachán	1969	13	An Chloch Bhreac
An Fhairche-Clochar	1973	40	Scoil na mBuachaillí
Béal Átha na mBreac	1975	25	Tír na Cille

### Scoileanna dúnta i dTuar Mhic Éadaigh

**Tá laghdú mór tagtha ar dhaonra phobal Thuar Mhic Éadaigh agus an pobal thart air le blianta anuas. De bharr an laghdú seo ar an daonra, tá cúig cinn de bhunscoileanna dúnta sa gceantar le fiche bliain anuas.**

Orthu sin tá Scoil an Doire, **Scoil Fhionnaithe, Scoil Sheanadh Farracháin**, Scoil na Sraithe agus Scoil Pháirc an Doire. Dúnadh Scoil Choill a tSiáin ag deireadh na scoilbhliana 2016/ 2017.

### Meánoideachas

Tá traidisiún fada oideachais don dara leibhéal san LPT seo. Tá meánscoil, Coláiste Mhuire, i dTuar Mhic Éadaigh le breis agus céad bliain agus tá meánscoil, Coláiste Naomh Feichín, i gCorr na Móna i nDúiche Sheoigheach le leathchéad bliain.

Tá mór-athrú suntasach amháin tagtha ar thinreamh an dá scoil le blianta anuas agus is é sin gur ó thaobh amuigh de cheantar áitiúil na scoile a thagann formhór na scoláirí atá ag freastal ar an dá scoil. **Tagann formhór scoláirí Choláiste Mhuire ó na bailte móra atá in iardheisceart Mhaigh Eo - Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh agus Baile an Róba.** **Tagann c.50% de scoláirí Choláiste Naomh Feichín ó iarthuaisceart Chonamara - Leitir Fraic, Rinn Mhaoile agus an Líonán.** An rud atá comónta ag abhantrach Choláiste Mhuire agus abhantrach Choláiste Naomh Feichín ná gur as ceantair, nach ceantair Ghaeltachta iad, is mó thagann líon ard na scoláirí atá ag freastal ar an dá scoil. **Cuireann sé seo brú as an gcoiteann ar an nGaeilge sa dá scoil.** Is é príomhaidhm chuile scoil saoránaigh den scoth le hoideachas den scoth a chur ar fáil. Cuireann sé brú breise ar na scoileanna nuair atá siad ag iarraidh a ndualgais oideachais a chomhlíonadh agus ag an am céanna an t-oideachas sin a theagasc i nGaeilge cé nach i ngeall ar an nGaeilge atá céatadán ard de na scoláirí ag freastal ar an dá mheánscoil. Tá seo le tabhairt faoi deara sa Suirbhé ar Thuismitheoirí sa dá mheánscoil.

### Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna

Bhí iarrachtaí ar bun chomh fada siar le 1938 gairmscoil a bhunú i gCorr na Móna.<sup>4</sup> I mí na Nollag 1959, bheartaigh Coiste Oideachais Ghairm Beatha Chontae na Gaillimhe go dtógfaí gairmscoil nua i gCorr na Móna. I mí na Nollag 1966, osclaíodh go hoifigiúil Gairmscoil Fheichín Naofa.

Tá Coláiste Naomh Feichín lonnaithe i sráidbhaile Chorr na Móna. Tá 87 scoláire ag freastal ar an scoil agus tá dáréag ar fhoireann teagaisc na scoile. (2016/2017)

<sup>3</sup> Pobal na Gaeltachta: A scéal agus a dhán; Raidió na Gaeltachta i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht 2000.

<sup>4</sup> Coláiste Naomh Feichín 1966-2016. Áine Bhreathnach 2017



Tá abhantrach leathan ag an scoil. Tagann scoláirí ón bpobal áitiúil ar fud Dhúiche Sheoigheach agus chomh fada ó bhaile le Conamara Thiar, Rinn Mhaoile agus Leitir Fraic. **Níl cúntóir teanga sa scoil.**

Scoil Ghaeltachta **dhátheangach** í Coláiste Naomh Feichín. Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na scoile, ach de bharr go dtagann c.50% de na scoláirí ó cheantair nach ceantair Ghaeltachta iad, tá brú mór ón mBéarla sa scoil. Tá Coláiste Naomh Feichín ag comóradh leathchéad bliain a mbunaithe i mbliana.

### Coláiste Mhuire, Tuar Mhic Éadaigh

Tá stair fhada ag dul siar breis agus céad bliain le hoideachas den dara leibhéal i dTuar Mhic Éadaigh.<sup>5</sup>

Bunaíodh Coláiste Mhuire i dTuar Mhic Éadaigh i dtús na mblianta 1900 mar choláiste lán-Ghaeilge. Tá 188 scoláire ag freastal ar Choláiste Mhuire anois agus tá 18 ar an bhfoireann teagaisc. (2016/2017)

**Tá cúntóir teanga sa scoil.** Tá abhantrach leathan ag an scoil agus tagann scoláirí ón bpobal áitiúil, ón bhFairche, Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh agus Baile an Róba. De bharr a dtagann de scoláirí ó cheantair taobh amuigh den Ghaeltacht, tá brú mór ar an nGaeilge sa mheánscoil. Tá roinnt ábhar ar fáil trí Ghaeilge, ach **is í mBéarla a dhéantar formhór an teagaisc.** Eagraítear imeachtaí spóirt na scoile trí Ghaeilge. Déantar iarracht na scoláirí a thagann ó scoileanna Gaeltachta agus ó Ghaelscoileanna a choinneáil le chéile le deis a thabhairt níos mó teagaisc a dhéanamh trí Ghaeilge.

### Seirbhísí Tacaíochta Teanga

Tá iarrachtaí móra ar bun ag Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh (CCTFTMÉ) agus ag CDS maidir le tacú leis an bpobal an Ghaeilge a shealbhú.

Bunaíodh **Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh** in 2005 chun athbheochan, forbairt agus spreagadh a dhéanamh ar an nGaeilge sa **bpobal sin.** Tá Oifigeach Forbartha ag an gcoiste agus oifig lárnach i sráidbhaile Thuar Mhic Éadaigh.

Ar na clubanna atá bunaithe ag an gcoiste tá:

- Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí
- Bunchlub Thuar Mhic Éadaigh
- Club Déagóirí Thuar Mhic Éadaigh
- Club na nAosach
- Club Damhsa/Club Cniotála
- Club Siúlóide Thuar Mhic Éadaigh
- Grúpa Turasóireachta

**Trí Ghaeilge a réachtáiltear na clubanna agus na grúpaí seo.**

Eagraíonn Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh imeachtaí go leor eile i rith na bliana, mar aon le ceardlanna, campaí samhraidh agus ócáidí sóisialta eile.


Tá Ionad Seirbhísí Teanga ag an gCoiste Cultúir, Teanga agus Forbartha freisin agus raon leathan seirbhísí ar fáil trí Gaeilge san ionad.

Bunaíodh Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (CDS) sa mbliain 1973. Tá bainisteoir lánaimseartha i bhfeighil an chomharchumainn. Chomh maith le seirbhísí gnó agus forbartha a réachtáil i nDúiche Sheoigheach, tá CDS gníomhach i soláthar seirbhísí eile trí Ghaeilge sa bpobal, ina measc:

- Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí
- Ciorcal comhrá
- Grúpaí Páistí agus Tachráin
- Ranganna Teastas Eorpach don Ghaeilge –TEG
- Ionad Seirbhísí Teanga
- Dáileadh pacáistí eolais RCOG
- Grúpa Turasóireachta
- Grúpa Siúlóidí
- Tacú le Grúpa na nAosach
- Tacú le Coláiste Samhraidh

Trí Ghaeilge a réachtáiltear na clubanna agus na grúpaí seo.

## DÚICHE SHEOIGHEACH



### Forbairt Pobail Dúiche Sheoigheach

Bunaíodh Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. (CDS) i 1973. Cé gur comharchumann forbartha pobail a bhí gceist leis an gComharchumann riamh anall, ba ar ghnó na feirmeoireachta agus na talmhaíochta ba mhó a leagadh béim sna blianta tosaigh ag plé go háirithe le beathú, tógáil agus easpórtáil caorach. I 1988 rinneadh forbairt ar mhuilleann adhmaid agus i 1990 díoladh scaireanna an mhuilinn le comhlacht North Connacht Farmers. I 1992, bunaíodh an comhlacht ECC agus tá an gnó sin méadaithe go mór in imeacht na mblianta agus fostaíocht láidir á cur ar fáil sa bpobal. Lean CDS ag freastal ar ghnó na feirmeoireachta, ach diaidh ar ndiaidh, tháinig meath ar an ngnó sin agus is réachtáil seirbhísí pobail is mó atá idir lámha ag CDS anois. Bhíodh CDS ag freastal ar cheantar Thuar Mhic Éadaigh sna blianta tosaigh, go háirithe ó thaobh na feirmeoireachta sléibhe.

Tá bainisteoir lánaimseartha, Marie Ní Chríodáin, ag CDS.

Tá CDS gníomhach sna réimsí seo:

- Pleanáil Teanga
- Riarachán na Scéimeanna Fostaíochta Pobail
- Nasc agus comhoibriú láidir leis na coistí deonacha áitiúil

- Forbairt siúlóidí
- Forbairt geopháirc
- Páirc Spraoi, An Fhairche
- Cúrsaí oiliúna
- Seirbhísí oifige agus comhairliúcháin
- Acmhainní nádúrtha sa gceantar a fhorbairt
- Suíomh idirlín agus nuachtlitir pobail
- Bróisiúir agus eolas turasóireachta
- Imeachtaí Gaelacha agus cultúrtha
- Tionscnamh oidhreachta
- Féile Mhichael Luke Pháidín

### Coiste CDS

Cathaoirleach: Seán Ó Cionnaigh

Rúnaí: Seosaimhín Ní Chadhain

Cisteoir: Anna De Búrca

Seán Breathnach,  
Gearóid Breathnach,  
Niamh Breathnach,  
Breandán Mac a'Bhearsúla,  
Carmel Kerrigan.



## Eagrais agus Cumainn Forbartha Pobail i nDúiche Sheoigheach

- Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teoranta
- Coiste Forbartha an Mháma
- Coiste Forbartha Chorr na Móna
- Coiste Pobail na Fairche & na Cloiche Brice
- Grúpa Mná an Mháma
- Coiste Oidhreachta an Mháma
- Féile an Mháma
- Coiste Liotúirge Pharóiste an Rosa
- Coiste Airgeadais Pharóiste an Rosa
- Cumann Drámaíochta Chorr na Móna
- Cumann Iascairí Chorr na Móna
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann - Craobh Dhúiche Sheoigheach
- **Cumann Peile Naomh Pádraig**
- Grúpa Tuismitheoirí & Lapacháin, An Fhairche
- Óg-Ógras, An Fhairche
- Spraoi sa Choill
- Pride of Place, An Fhairche
- Club Sóisialta Chorr na Móna
- Club Sóisialta, An Fhairche
- Coiste Oidhreachta Dhúiche Sheoigheach
- Coiste Turasóireachta Dhúiche Sheoigheach
- Geothurasóireacht Dhúiche Sheoigheach
- Coiste Chomórtas Ghlór na nGael Dhúiche Sheoigheach
- Coiste Reilig an Mháma
- Coiste Reilig Chnoc na Rosa
- Cumann Uain Sléibhe Chonamara
- Cumann Sábháilteacht Uisce Chorr na Móna
- Tarrtháil Loch Coirib agus Loch Measca
- Cumann Karate, An Fhairche
- Rothaíocht Urraithe 50 Míle Chorr na Móna
- Bike for Life, An Fhairche
- Pobal ar Aire
- Togra Tithíochta Zambia
- Cumann Na Croise Deirge, Dúiche Sheoigheach
- Seirbhísí Sóisialta Chonamara Thuaidh
- Tithíocht Dheonach Chonamara Thuaidh
- Macalla Dhúiche Sheoigheach

## COISTÍ FORBARTHA POBAIL SAN LPT

### Coiste Forbartha an Mháma<sup>6</sup>

Bunaíodh Coiste Forbartha an Mháma i 1994 agus ó shin i leith tá an Coiste gníomhach agus é ag cur clár leathan oibre i bhfeidhm.

Is é an aidhm atá ag an gCoiste daoine a spreagadh le comhoibriú le chéile ar mhaithe leis an gceantar ina iomláine, agus an Ghaeilge a chothú i ngach gné de shaol na ndaoine.

Ar na tograí atá curtha i bhfeidhm go dtí seo tá:

- Ionad Pobail a osclaíodh i 1999
- Carrchlós le soilse curtha ar fáil ag Ionad Pobail an Mháma agus ag Droichead an Mháma
- Cosán Coise le soilse ag Droichead an Mháma agus ag an Ionad Pobail
- Claíocha cloiche tógtha le Scéimeanna S.F.P. agus S.S.T. sa gceantar - rud a chuir an-slacht ar dhreacht na háite
- Páirc Peile

### Coiste Forbartha Chorr na Móna<sup>7</sup>

Ó 1971, tá Coiste Forbartha Chorr na Móna gníomhach go leanúnach i gceantar Chorr na Móna, a shíneann ón gCarraig Thoir go Tóin le Gaoith, siar go Móinín Mór, agus gach baile fearainn eatarthu. De bharr éileamh áitiúil sna seachtóidí, thóg Údarás na Gaeltachta an Eastáit Tionsclaíochta i gCorr na Móna, áit a raibh go leor fostaíochta ar feadh roinnt mhaith blianta. Ach, tá an chuid is mó de na monarchana sin folamh le tamall fada anuas. I measc na dtograí móra a ndearnadh forbairt orthu i rith na mblianta, bhí siad seo a leanas:

- Forbairt ar pháirc imeartha taobh le Loch Coirib
- Athchóiriú na Seanscoile (dúnta i 1962) go hÁras Pobail Chorr na Móna - oscailte go hoifigiúil i 1985
- Feachtas Méara Chorr na Móna i 1983
- Forbairt Gearrchúrsa Gailf
- Cúrsa cispheile déanta taobh leis an Áras Pobail
- Eagraíodh Comóradh 100 Bliain do Sheanscoil (Áras Pobail) Chorr na Móna
- 2003-2005: Rinneadh Staidéir Féidearthachta d'Áiseanna Cúraim Leanáí
- Páirc spraoi do pháistí i gCorr na Móna – 2009
- Athchóiriú ar Áras Pobail Chorr na Móna

### Coiste Pobail na Fairche agus na Cloiche Brice<sup>8</sup>

Rinneadh leasú ar Choiste Pobail na Fairche agus na Cloiche Brice sa bhliain 2012 agus tá sé déanta suas de na fochoistí seo a leanas:

- Ionad Oidhreacht Shéipéal na Naomh
- Grúpa Tuismitheoirí agus Lapacháin, An Fhairche
- Spraoi sa Choill
- Togra Tithíochta Zambia
- Pride of Place, An Fhairche

Oibrítear le chéile ar son leasa an cheantair agus phobal an cheantair.

Déanann an Coiste a ndícheall feabhas a chur ar áiseanna, ar infreastruchtúr, ar chuma agus ar cheantar na Fairche. Ar na príomhaidhmeanna atá ag an gCoiste tá:

- An Fhairche a chur chun cinn agus a fhógairt trí chomharthaíocht agus bileoga eolais
- An Fhairche a fheabhsú agus a bhisiú, lena choinneáil mar áit álainn le cónaí ann agus áit álainn le cuairt a thabhairt air.

Oibríonn an coiste i gcomhar le Comhairlí Contae na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus le coistí forbartha agus cumainn áitiúla.

Ceadaíodh €38,400 don choiste faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

### Coiste Pobail Thuar Mhic Éadaigh<sup>9</sup>

Bunaíodh an Coiste Pobail i 1972. Ó shin tá sé gníomhach i gcúrsaí forbartha sa bpobal. Bhí baint aige le bunú CDS Teo. Ba é an Coiste a bhí i mbun na scéime uisce. An rud ba mhó ar éirigh leis a dhéanamh ná Coláiste Mhuire a cheannach ó na mná rialta i 1986, agus an scoil a oscailt do bhuachaillí agus do chailíní agus í a choinneáil ag imeacht.

Is Coiste tofa é a chlúdaíonn an ceantar ó Mhám Trasna go Dair Easa.

Bíonn an Coiste i dteagmháil leis an gComhairle Contae, Údarás na Gaeltachta agus Airí Rialtais le tograí a chur chun cinn sa bpobal. Tá an Coiste 100% taobh thiar den Plean Teanga agus le rud ar bith a chuirfidh an Gaeilge chun cinn sa bpobal.


6 Tuairisc níos iomláine in Aguisín 4

7 Tuairisc níos iomláine in Aguisín 4

8 Tuairisc níos iomláine in Aguisín 4

9 Tuairisc níos iomláine in Aguisín 4

## TUAR MHC ÉADAIGH



Bunaíodh Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh (CCTFTMÉ) in 2005

*“chun athbheochan, forbairt agus spreagadh a dhéanamh ar an nGaeilge agus ar an gcultúr i nGaeltacht Thuar Mhic Éadaigh”.*

Eagraíonn an Coiste imeachtaí go leor sa bpoibál agus tugann sé tacaíocht d’eagrais eile agus d’imeachtaí eile sa bpoibál i ngach réimse ón óige go dtí an aosach. Sí Nora McHugh King atá mar Oifigeach Forbartha do cheantar Thuar Mhic Éadaigh.

Ar na himeachtaí a eagraíonn an coiste, tá:

- Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí
- Bunchlub Thuar Mhic Éadaigh

- Club na nAosach
- Club Damhsa/Club Cniotála
- Club Siúlóide Thuar Mhic Éadaigh
- Grúpa Turasóireachta
- Scéim Athnuachan Fuinnimh
- Seomraí ar cíos do chruinnithe agus imeachtaí sóisialta/spóirt
- Oifig Turasóireachta Thuar Mhic Éadaigh
- Trealamh ar iasacht don phoibál
- Cúrsaí oideachais agus traenála
- Cúrsaí talmhaíochta agus feilméireachta

Eagraíonn an Coiste féilte agus imeachtaí i rith na bliana. Ina measc sin tá Féile Ceol na Locha, Paráid na Féile Pádraig, Imeachtaí Oíche Shamhna, campaí samhraidh, céilithe, oícheanta sóisialta agus cóisir na Nollag. Tá raon leathan seirbhísí oifige, ranganna agus eolas pobail ar fáil ón gcoiste.

## Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh

Cathaoirleach: Cionnaith Mac Giobúin

Rúnaí: Deirdre Cavanagh

Cisteoir: Katie Clarke

Tomás Ó Máille,  
Bridie Grant,  
Carmel Seimhlín,  
Sally Uí Ghiobúin,  
Pádraig Mac Giobúin

## Eagrais agus Cumainn Forbartha Pobail i dTuair Mhic Éadaigh.

- Coiste Cultúir, Teanga & Forbartha Thuar Mhic Éadaigh Teo.
- Coiste Pobail Thuar Mhic Éadaigh Teo
- Coiste Pobail Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste Ceol na Locha
- Coiste Bhunchlub Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste na nAosach
- Coiste Turasóireachta
- Coiste an irisleabhair *Waterfall*
- Coiste Eaglasta an tSéipéil
- Coiste Slat Iascaireachta
- Coiste Áitiúil Chumann na bhFeirmeoirí IFA
- **Coiste CLG Thuar Mhic Éadaigh**
- Cumann Snámha Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste Tuismitheoirí & Páistí Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste Cluichí Pobail Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste Foróige Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste an Grotto
- Coiste Oidhreachta
- Coiste Ghlór na nGael

- Coiste Pobail Fuinnimh Inmharthana (*Sustainable Energy Communities*)
- Coiste INHFA (*Irish Natura & Hill Farmers Association*)
- Coiste Geopháirc
- Coiste Seó Talmhaíochta Thuar Mhic Éadaigh
- Coiste Pobal ar Aire
- Coiste Ghoirtín na Coille
- Tarrtháil Loch Coirib agus Loch Measca
- Todhchaí Pobail-Community Futures

## Gnó agus Fostaíocht

Tá na comhlachtaí a leanas ar na príomhchomhlachtaí san LPT a dtugann Údarás na Gaeltachta tacaíocht dóibh:

- Idoman Teo., Tuair Mhic Éadaigh (earraí leighis)
- Fíor Uisce Thuar Mhic Éide Teo., Tuair Mhic Éadaigh (táirgeann fíor uisce)
- Coláiste Thuar Mhic Éadaigh Teo. (gníomhaíochtaí teangabhunaithe)
- Earraí Coillte Chonnacht Teo., Corr na Móna (réiteach adhmaid)
- Feirm Mara Chonamara Teo. , Corr na Móna (saothrú agus próiseáil éisc)
- Cairéalacht Chill Bhríde Teo., Corr na Móna (cairéalacht ghainimh agus cré)
- Máirtín Seoighe Teo., Corr na Móna (seirbhísí foraoise)
- Varley Transport, Corr na Móna (iompar ar tír)
- Crann na Móna Teo., Corr na Móna (foraoiseoireacht agus seirbhísí gaolmhara)
- **Comharchumann Dhúiche Sheoigheach**
- **Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh Teo**

### **Turasóireacht**

Toisc gur ceantar álainn timpeallaithe ag sléibhte, aibhneacha agus locha é an LPT, tá gnó na turasóireachta thar a bheith tábhachtach don cheantar. Tugann an turasóireacht fostaíocht agus ioncam do roinnt mhaith den phobal i rith na bliana ar fad, cé gurb é séasúr turasóireachta an tsamhraidh is mó a bhfuil tábhacht leis. Tá Conga Fheichín, baile atá ar cheann de phríomhbhailte turasóireachta na tíre suite ar theorainn an LPT. Ceantar mór iascaireachta é an ceantar agus péire de phríomhlocha intíre na hÉireann, Loch Coirib agus Loch Measca, i gceartlár an cheantair.

### **Turasóireacht Chultúrtha**

Tá coláiste samhraidh Gaeilge **Spleodar** i gCorr na Móna. Reáchtálann Spleodar dhá chúrsa in aghaidh na bliana i gCorr na Móna. Déanann 140 scoláire in aghaidh an chúrsa freastal ar an gcoláiste agus bíonn na scoláirí ar lóistín i dtithe áitiúla. Tá Spleodar thar a bheith sásta leis an gcaighdeán Gaeilge agus leis an gcaighdeán lóistín sa gceantar agus deir Spleodar go dtugann an coláiste cúnaimh leis an nGaeilge a neartú agus go dtugann sé ioncam do dhaoine sa gceantar.

Tá Spleodar in acmhainn an tríú cúrsa a reáchtáil ach níl lóistín ar fáil don tríú cúrsa.

Níl coláiste samhraidh Gaeilge i dTuar Mhic Éadaigh.

### **An Saol Sóisialta**

Siúl agus sléibhteoireacht, fiach agus foghlacaireacht, iascach agus bádóireacht, peil agus lúthchleasaíocht, rothaíocht agus rith, ceol agus amhránaíocht, drámaíocht, damhsa, scéalaíocht agus neart eile. Tá siad ar fad á gcleachtadh sa gceantar. Eagraítear imeachtaí sóisialta agus caitheamh aimsire ar bhonn náisiúnta. Eagraíodh Comórtas Peile na Gaeltachta i dTuar Mhic Éadaigh in 2017. Bhí an comórtas náisiúnta seo i nDúiche Sheoigheach sa mbliain 1980 agus arís i 1995.

Eagraítear comórtais náisiúnta iascaireachta ar Loch Coirib agus ar Loch Measca. Eagraítear comórtais rothaíochta sa gceantar. Tagann daoine ó i bhfad is i ngearr ag siúl sléibhe agus tá forbairt ar leith déanta ar Shiúlóid an tSeanbhóthair i gCorr na Móna. Tagann daoine le háilleacht agus uaigheas an cheantair a shú isteach. Tá traidisiún láidir ceoil, amhránaíochta, drámaíochta agus ealaín bhéil sa bpobal. Tá caitheamh aimsire sa gceantar seo don uile dhuine.

### **Cumann Lúthchleas Gael**

Tá dhá chumann peile san LPT. Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh agus Cumann Naomh Pádraig, An Fhairche.

### **Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh**

Bunaíodh Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh i 1965. Bhí cúrsaí tionsclaíochta áitiúla lárnach sa gcumann peile ag an tús mar go raibh fostaithe Chnriotáil Ghaeltarra Éireann an-ghníomhach i mbunú an chumainn. Bunaíodh cumann peile sa bparóiste i 1949 ach níor mhair sé ach roinnt blianta. Tá an cumann imithe ó neart go neart agus gradaim contae agus cúige bainte amach acu. Tá foirne buachaillí ó ocht mbliana d'aois go grád na mionúr agus foirne fir faoi 21 agus idirmheánach ag an gcumann chomh maith le foirne cailíní faoi 14, faoi 16 agus sinsir.

Tá polasaí Gaeilge ag an gcumann agus an polasaí sin foilsithe ar shuíomh idirlín an chumainn. Eagraítear cruinnithe an chumainn go dátheangach agus tá Gaeilge ag formhór na dtraenálaíthe atá i mbun na bhfoirne faoi aois.

### **Cumann Peile Naomh Pádraig, An Fhairche**

Bunaíodh Cumann Peile Naomh Pádraig ar an bhFairche sa mbliain 1954. Déanann an cumann freastal ar cheantar Dhúiche Sheoigheach ar fad. Tá gradaim go leor bainte amach ag an gcumann leis na blianta. Tá foirne buachaillí ó ocht mbliana d'aois go grád na mionúr agus foirne fir idirmheánach ag an gcumann, chomh maith le foireann ban i ngrád na sinsear.


Tá polasaí Gaeilge ag an gcumann agus an polasaí sin foilsithe ar shuíomh idirlín an chumainn.

Tá cumann slatiascairí i gCorr na Móna agus i dTuar Mhic Éadaigh. Tá cumann rothaíochta i gCorr na Móna agus tá cumainn láidre siúlóide agus sléibhteoireachta i nDúiche Sheoigheach agus i dTuar Mhic Éadaigh.

### **Na hEalaíona Béil**

Bhíodh an drámaíocht agus na healaíona eile béil, leithéidí cumadóireacht, agallaimh beirte agus lúibíní an-láidir ar fud an LPT. Cé go bhfuil roinnt daoine ag cleachtadh na n-ealaíon seo i gcónaí, níl an traidisiún chomh láidir is a bhíodh.





**Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta: Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh**



**Séanadh / Disclaimer**  
 Is ar mháthair le léiriú a thabhairt ar an Limistéar Pleanála Teanga an mapa seo agus níor glacadh leis mar léiriú ar theorainn na Gaeltachta. The purpose of this map is to illustrate the location of the Language Planning Area and should not be considered as a definitive outline of Gaeltacht boundary.

Ionad GIS, Institiúid Uí Ráin, OÉ Gaillimh (Ronan Hennessy) a réitigh. Dáta: 03/2014  
**Sonraí/Data:**  
 © Surbhíreachd Ordánais Éireann/Riailtas na hÉireann - Ceadúnas Uimhir MP 001714 / An Phríomh-Oifig Staidrimh - faisnéis SAPS an Daonáirimh.  
 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland - Copyright Permit No. MP 001714 / Central Statistics Office - Census SAPS Data.  
 © OpenStreetMap (www.openstreetmap.org)  
 © SRTM V4 CIAT (http://srtm.csi.cgiar.org)



- Limistéar Pleanála Teanga
- An Ghaeltacht
- Príomhbhóthar Náisiúnta
- Bóthar Náisiúnta - Dara Grád
- Bóithre Eile
- Lochanna & Aibhneacha

# An Limistéar Pleanála Teanga

Is ionann LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh agus

- Na toghranna ceantair seo a leanas: Conga, An Chorr, An Fhairche, An Ros, An Uillinn, Abhainn Bhraín, Baile an Chalaídh agus An Cheapaigh Dhuibh.
- An chuid sin de thoghroinn cheantair Binn an Choire i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bearna na nEang, Barr na nÓrán, Doire Fhada Thiar, Doire na bhFlann, Imleach Dhá Rú, Fionasclainn, Gleann Eidhneach, Gleann Chóchan, Leitir Seithe, Leitir agus Log an Tairbh.
- An chuid sin de thoghroinn cheantair Leitir Breacáin i gContae na Gaillimhe atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Bun an Mheascáin, Cartrún an Phóna, Na Cnocáin Bhána, An Doirín, Na Grigíneacha, Na Lí, Muintir Eoghain Láir, Muintir Eoghain Thiar agus Muintir Eoghain Thoir.
- An chuid sin de thoghroinn cheantair Bhaile Óbha i gContae Mhaigh Eo atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Doire Easa, Gort Bhun an Chuilinn, An Seanbhaile Ard, An Seanghort agus An Tamhnaigh.
- An chuid sin de thoghroinn cheantair Pharraí i gContae Mhaigh Eo atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: An tSraith.
- An chuid sin de thoghroinn cheantair Thamhnaigh na Graí i gContae Mhaigh Eo atá comhdhéanta de na bailte fearainn seo a leanas: Coimín Dhoire an Daimh Dheirg, Doire an Daimh Dheirg agus Doirín na Scaibe.

## An Uilinn agus Binn an Choire<sup>10</sup>

Cé go bhfuil na toghranna thuas curtha san áireamh le LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh, tarlaíonn sé go bhfuil Forbairt Chonamara Láir (FCL) ag freastal ar phéire de na toghranna sin i.e. An Uilinn agus Binn an Choire. Ionas nach mbeadh trasnú ar obair CDS ná FCL, bheartaigh an dá chomharchumann, le cead Údarás na Gaeltachta agus RCOG, déileáil leis an dá cheantar mar a leanas:

- Go ndéanfaidh Coiste Pleanála Teanga Forbairt Chonamara Láir an dá thoghroinn Binn an Choire agus An Uilinn, atá curtha faoi LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh, a chlúdach faoina gcuid taighde.
- Go mbeadh an tuairisc chríochnúil ar an taighde agus moltaí ón dá thoghroinn, Binn an Choire agus An Uilinn, curtha ar fáil do C.D.S. Teo. le cur isteach sa bplean teanga do LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh agus go mbeadh tagairt déanta gur faoi stiúir Choiste Pleanála Teanga Forbairt Chonamara Láir a rinneadh an taighde ar an bpíosa sin.<sup>11</sup>
- Go ndéanfaidh plean teanga do LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh agus do LPT Chonamara Láir moladh ar aon-fhoclaíocht atá le haontú amach anseo go mbeadh teorainn na limistéar athraithe chun an dá thoghroinn, Binn an Choire agus An Uillinn, a chur isteach le LPT Chonamara Láir nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh ar na teorainneacha.

<sup>10</sup> Rinneadh an socrú seo go hoifigiúil ag cruinniú idir bhainisteoirí an dá chomharchumann le faomhadh REOGRG agus Údarás na Gaeltachta ar 8ú Aibreán 2016  
<sup>11</sup> Tá an teolas seo ar fáil in Aiguisín 1



# Daonra

*De réir Dhaonáireamh 2016, tá 3185  
duine ina gcónaí san LPT.  
Sin seachtar (7) níos lú ná Daonáireamh 2011.*

## DAONÁIREAMH 2011 AGUS 2016

### LPT DHÚICHE SHEOIGHEACH agus THUAR MHIC ÉADAIGH

	Fir 2011	Mná 2011	Fir 2016	Mná 2016
Iomlán	1,620	1,572	1,589	1,596

Foinse: Daonáireamh 2016

### Próifil Aoise Fir agus Mná 2011 agus 2016

	Fir 2011	Mná 2011	Fir 2016	Mná 2016
• 0-19	377	378	364	413
20-39	337	316	314	303
40-59	492	473	438	437
60+	414	405	473	443
Iomlán	1,620	1,572	1,589	1,596

Foinse: Daonáireamh 2016

# Modheolaíocht agus Taighde

Ceantar leathan scaipthe é LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh. Cé nach bhfuil an daonra mór sa gceantar, tá an daonra sin scaipthe i gceantar sléibhtiúil in dhá chontae, Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo. Cé go bhfuil ceangal áirithe idir pobal Dhúiche Sheoigheach agus pobal Thuar Mhic Éadaigh, níl an nasc pobail sin chomh láidir is a bhíodh tráth. Bhí Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo. mar nasc gnó idir an dá phobal tráth, ach de bharr na n-athruithe atá tagtha ar shlí mhaireachtála an phobail agus gnéithe de chúrsaí gnó CDS Teo., níl an nasc chomh láidir is a bhíodh. Freisin, de bharr gur dhá phobal ar leith iad Dúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh, b'éigean go leor den obair thaighde agus feasachta don phlean teanga seo a dhéanamh faoi dhó – is é sin, é a dhéanamh sa dá phobal. Chiallaigh sé seo gur eagraíodh cruinnithe poiblí agus grúpaí fócais ar an ábhar céanna faoi dhó - sraith i nDúiche Sheoigheach agus sraith i dThuar Mhic Éadaigh. Mar sin féin, de bharr gur LPT amháin atá i gceist don phlean teanga seo, tá gach iarracht déanta an dá phobal a thabhairt san áireamh agus cloí leis an bpróiseas céanna taighde sa dá phobal.

Ghlac an pobal go fonnmhar le rannpháirtíocht sa bhfeachtas bailithe eolais agus taighde le linn an phróisis pleanála teanga. Rinne ionadaithe ón bpobal freastal ar gach cruinniú, seisiún eolais agus grúpa fócais agus níos mó ná sin go minic

Nuair a ceapadh CDS Teo. mar cheanneagraíocht don LPT, eagraíodh feachtas eolais agus feasachta leis an bpobal a chur ar an eolas go raibh plean teanga á ullmhú don cheantar.

- Baineadh úsáid as nuachtlitreacha áitiúla, bileoga eolais sna séipéil, fógraíocht ón altóir, RTÉ Raidió na Gaeltachta, nuachtáin áitiúla, suíomh idirlín agus seirbhísí meáin shóisialta na ceanneagraíochta leis an scéal a scaipeadh.
- Scaip CDS Teo. eolas ar na coistí deonacha ar fad sa bpobal, ar scoileanna agus ar lucht gnó.

- Eagraíodh cruinnithe poiblí i gCorr na Móna agus i dThuar Mhic Éadaigh leis an bpobal a chur ar an eolas.
- Bunaíodh lárchoiste pleanála teanga ar a bhfuil ionadaíocht ag CDS Teo., Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh (CCTFTÉ), pobal Dhúiche Sheoigheach agus pobal Thuar Mhic Éadaigh. Tá an lárchoiste seo freagrach as an bplean teanga a ullmhú.
- Bunaíodh fochoiste pleanála teanga i nDúiche Sheoigheach ar a bhfuil ionadaíocht ag coistí agus eagrais dheonacha an phobail.
- Bunaíodh fochoiste pleanála teanga i dThuar Mhic Éadaigh ar a bhfuil ionadaíocht ag formhór coistí agus eagrais dheonacha an phobail.
- Ceapadh comhairleoir pleanála teanga le comhordú a dhéanamh ar phlean teanga don LPT. Rinneadh an ceapachán de thoradh comórtas poiblí.
- Le linn don Phlean Teanga a bheith á ullmhú reáchtáladh breis agus 60 cruinniú éagsúil ar fud an LPT:
  - Breis agus 30 cruinniú den Choiste Pleanála Teanga agus Fochoistí Pleanála Teanga
  - 26 cruinniú le scoileanna, eagraíochtaí pobail, lucht gnó, cumainn shóisialta, cumainn spóirt, óige agus caitheamh aimsire
  - Eagraíodh Grúpaí Fócais i nDúiche Sheoigheach agus i dThuar Mhic Éadaigh le lucht gnó, coistí agus eagrais éagsúla eile
  - 5 chruinniú poiblí ag tabhairt eolais faoin bpleanáil teanga, ag bailiú eolais ón bpobal

- agus ag roinnt eolais bunaithe ar thaighde a rinneadh
- Iliomad glaochanna gutháin, ríomhphoist agus postas eile
  - Tugadh cuairt ar gach bunscoil agus meánscoil sa gceantar mar ar rinneadh taighde cáilíochtúil i gcomhar le príomhoidí agus leas-phríomhoidí.
  - Eagraíodh Suirbhé ar Thuismitheoirí an LPT. Scaipeadh ceistneoir ar naíonraí, bunscoileanna agus meánscoileanna an cheantair. Rinneadh an ceistneoir a dhearadh bunaithe ar mhúnlaí ceistneoirí a réitíodh don Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus suirbhéanna pobail eile. Rinneadh scagadh ar thorthaí an tsuirbhé seo leis an gcóras scagtha staidrimh do na heolaíochtaí sóisialta SPSS. Cuireadh torthaí an tsuirbhé i láthair an phobail ag cruinnithe poiblí agus lorgaíodh aiseolas.
  - Rinneadh staidéar ar an *Scéim Pleanála Teanga do Cheantair Chorr na Móna, An Mám, An Fhairche agus an Chloch Bhreac* a foilsíodh i mBealtaine 2003.
  - Rinneadh staidéar ar an Tuairisc Pleanála Teanga do Cheantar Thuar Mhic Éadaigh a foilsíodh i Feabhra 2007.
  - Rinneadh staidéar ar Dhaonáireamh 2006, 2011 agus 2016
  - Rinneadh staidéar ar *An Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* agus ar an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*
  - Baineadh eolas as an gCóras Faisnéise Geografaí don phróiseas pleanála teanga ar shuíomh idirlín RCOG
  - Rinneadh staidéar ar Scéim Labhairt na Gaeilge don tréimhse 2001-2011.
  - Rinneadh freastal rialta ar cheardlanna náisiúnta agus réigiúnacha ar an bpleanáil teanga a d'eagraigh Údarás na Gaeltachta.
  - Eagraíodh cruinnithe le Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus le naíonraí an cheantair mar ar rinneadh taighde cáilíochtúil i gcomhar leo.

# Struchtúr, Feidhmiú agus Monatóireacht

## Coiste Stiúrtha

An Coiste Pleanála Teanga (CPT), fochoiste de chuid CDS, agus ionadaíoch ar an LPT ina iomláine, a bheidh freagrach as feidhmiú an phlean teanga. Roghnóidh an Coiste Pleanála Teanga oifigigh le raon dualgas ar leith. Beidh cruinnithe cinnbhliana agus cruinnithe míosúla ag an gcoiste agus ceapfaidh sé fochoistí más gá. Aontóidh an Coiste Pleanála Teanga plean bliantúil a bheidh le cur i gcrích ag na hoifigigh pleanála teanga faoi stiúir an choiste. Gníomhóidh an Coiste Pleanála Teanga mar bhord stiúrtha ar fheidhmiú Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh.

## Oifigigh Pleanála Teanga (OPT)

Fostófar **beirt** Oifigeach Pleanála Teanga - Oifigeach Pleanála Teanga do cheantar Dhúiche Sheoigheach agus Oifigeach Pleanála Teanga do cheantar Thuar Mhic Éadaigh. Fostóidh CDS na hoifigigh pleanála teanga ar conradh. Tairgfear conradh trí bliana do na hoifigigh pleanála teanga. Cuirfear síneadh ceithre bliana leis na conarthaí ach coinníollacha a bheith sásúil.

**Tuarastal:** Íocfar tuarastal de réir scála €30k-€40K in aghaidh na bliana leis na hoifigigh pleanála teanga.

**Ionad Oibre:** Cuirfidh CDS ionaid oibre ar fáil do na hoifigigh pleanála teanga.

## Costas

Oifigigh Pleanála Teanga	Costas measta bliantúil	Costas measta iomlán	Úinéir
2	€70,715 €65k do bhliain 1-3 €75k do bhliain 4-7	€495,000	CDS

Moltar go gcuirfí buiséad dóthanach nach lú ná €33,000 in aghaidh na bliana ar fáil le riaradh a dhéanamh ar an bplean teanga. San áireamh sa mbuiséad seo tá costas a bhaineann le cíos, reáchtáil oifige, costais taistil agus chothabhála.

Buiséad oibre	Costas measta bliantúil	Costas measta iomlán	Úinéir
	€33,000	€231,000	CDS

## Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh an Coiste Pleanála Teanga monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean Teanga. Ceadófar ballraíocht do dhuine/daoine, nach baill den choiste sin iad, a bhfuil saineolas bainistíochta agus pleanála teanga acu. Déanfar athbhreithniú ar Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh roimh dheireadh bhliain 1 agus arís roimh dheireadh bhliain 3. Déanfar mór-athbhreithniú ar an bPlean Teanga roimh dheireadh bhliain 6. Beidh cruinnithe tráthrialta ag an gCoiste Pleanála Teanga le hÚdarás na Gaeltachta agus leis an RCOG le dul chun cinn a mheas.

## Roinnt an Eolais

Moltar go mbunófaí córas faoina mbeadh deis ag ceanneagraíochtaí teacht le chéile le dul chun cinn a phlé agus le moltaí agus tuairimí a mhalartú. Bheadh sé inmhianta go dtabharfaí faoi fheidhmiú roinnt de na beartais ar bhealach réigiúnach nó náisiúnta, go háirithe beartais arb iad na spriocanna céanna atá leo. Ní foláir go mbeadh an córas seo ionadaíoch ar ionadaithe ó na ceanneagraíochtaí agus go gcuirfí maoiniú sásúil ar fáil dó.

Moltar go ndéanfaidh an córas seo stocaireacht rialta ar an Státhóras lena chinntiú go gcuirfí plananna teanga i bhfeidhm agus go gcuirfí soláthar dóthanach maoinithe ar fáil.

## Feasacht agus Poiblíocht

Le go n-éireoidh leis an bplean teanga, ní foláir go mbeadh pobal an LPT ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú maidir le feidhmiú an phlean. Mura bhfuil an pobal ar an eolas, beidh sé deacair acu páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas. Moltar go mbainfí úsáid as na meáin atá ar fáil agus go scaipfí eolas ar an bpobal trí bhileog eolais a scaipeadh i scoileanna, séipéil, ionaid ghnó agus i siopaí.

- Moltar go mbeadh mír uair sa mhí ar a laghad ar RTÉ Raidió na Gaeltachta maidir le gné éigin den phlean teanga.
- Moltar go mbeadh mír eolais rialta ag Galway Bay FM agus Mid-West Radio
- Moltar go mbeadh mír nuachta bainteach le dul chun cinn an phlean teanga go tráthrialta ar Nuacht TG4.
- Moltar go mbeadh scéal/tuairisc/agallamh go tráthrialta ar tuairisc.ie.
- Moltar míreanna rialta a bheith sna nuachtáin áitiúla.
- Moltar go scaipfí bileog eolais ar dhul chun cinn an phlean teanga ar an bpobal go rialta nó uair sa ráithe ar a laghad.

## Réimsí na Pleanála Teanga

*Tá bearta don phlean teanga leagtha amach sa bplean teanga seo de réir na réimsí a leanas:*

- an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- deiseanna foghlama taobh amuigh den chóras oideachais
- an earnáil ghnó
- eagraíochtaí pobail agus comharchumainn
- na meáin chumarsáide
- seirbhísí poiblí
- pleanáil agus forbairt fhisiciúil
- seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith

# 1. An Córas Oideachais

## (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá freastal maith oideachais ar an LPT. Tá seirbhísí luathoideachais, bunscoile agus meánscoile ar fáil don phobal gan an LPT a fhágáil.

### Réamhoideachas

Tá trí naíonra lonnaithe san LPT. Tá péire acu seo i nDúiche Sheoigheach agus ceann i dTuar Mhic Éadaigh. Tá Naíonra Dhúiche Sheoigheach faoi scáth Ghaeloideachas agus tá Naíonra na Fairche agus Naíonra Thuar Mhic Éadaigh faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

Naíonra	Tuar Mhic Éadaigh	Dúiche Sheoigheach	An Fhairche
Líon páistí	18	15	19

Scoibhliain 2016/2017

### Bunscoileanna

Tá cúig bhunscoil san LPT. Tá ceithre cinn de na scoileanna i nDúiche Sheoigheach agus ceann i dTuar Mhic Éadaigh. Scoileanna lán-Ghaeilge na scoileanna ar fad, cé nach i nGaeilge go hiomlán a dhéantar an teagasc i ngach scoil. Tá léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag gach bunscoil san LPT.

Scoil	Líon páistí
Scoil Bhríde, Tír na Cille	34
Scoil Mhuire, Corr na Móna	58
Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac	26
Scoil Naomh Pádraig, An Fhairche	48
Scoil Choill an tSidheáin (Dúnta 2016/2017)	10
Scoil Náisiúnta Thuar Mhic Éadaigh	78

Scoibhliain 2016/2017

De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí a eagraíodh in 2016 mar chuid den ullmhúchán don phlean teanga seo tá:

- 254 páiste i mbunscoileanna an cheantair
- 10% circa arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh
- 9% i nDúiche Sheoigheach agus 1% i dTuar Mhic Éadaigh
- Níl córas Cúntóirí Teanga ag obair go sásúil sna scoileanna

### Meánoideachas

Tá dhá mheánscoil ag freastal ar dhaltáí an LPT. Tá Coláiste Mhuire i dTuar Mhic Éadaigh agus Coláiste Naomh Feichín i gCorr na Móna. Tá léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag gach meánscoil san LPT.

Meánscoil	Líon daltaí
Coláiste Mhuire	188
Coláiste Naomh Feichín	87

Scoibhliain 2016/2017

### Cumas labhairt na Gaeilge 3 bliana d'aois +

	2016
Líon le cumas labhartha Gaeilge 3 bliana agus os a chionn	2088
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin	515
Líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais	426
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	291

Daonáireamh 2016

*De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí a eagraíodh in 2017 tá brú mór tagtha ar an nGaeilge san LPT i ngeall ar dhá ábhar:*

- An líon tuismitheoirí nach ón gceantar iad ach atá ina gcónaí anois san LPT
- An líon scoláirí atá ag freastal ar scoileanna an LPT nach bhfuil cónaí orthu san LPT

#### Cén áit ar tógadh tú

Tuismitheoirí a rugadh lasmuigh den Ghaeltacht	Naíonraí	Bunscoileanna	Meánscoileanna
	55%	50%	61%

Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

Mar sin féin, feiceann muid go bhfuil iarracht mhór ar bun ag scoileanna an cheantair an Ghaeilge a

sheachadadh don aos óg. Tá céatadán ard de na páistí agus scoláirí ag sealbhú na teanga ón scoil.

#### Má tá Gaeilge agat, cá bhfuair tú í

Fuair mé mo chuid Gaeilge ón scoil	Naíonraí	Bunscoileanna	Meánscoileanna
	50%	60%	59%

Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

#### Dúshláin

De bharr brú chomh mór a bheith ar an gcóras oideachais ó thaobh na teanga de, moltar go mbunófaí córas tacaíochta idir naíonraí, bunscoileanna agus meánscoileanna an LPT. Níl aon fhianaise againn go bhfuil aon cheangal comhtháite idir scoileanna Dhúiche Sheoigheach ná idir scoileanna Thuar Mhic Éadaigh. Bheadh sé inmholta go mbunófaí Fóram

Oideachais ar a mbeadh ballraíocht ag chuile naíonra, bunscoil agus meánscoil san LPT. Bheadh an Fóram Oideachais mar áis ag na leibhéal oideachais éagsúla le léargas a fháil ar iompar teanga ó aois an-óg agus thiocfaí ar mholtaí a chabhródh le scoileanna agus le tuismitheoirí dul i ngleic leis na fadhbanna teanga.



# Bearta don Fhóram Oideachais

Ar mhaithe le ceangal a chothú idir na leibhéil éagsúla oideachais san LPT, tá sé inmholta go mbunófaí Fóram Oideachais ar mhaithe le leanúnachas in iompar teanga a chothú agus a bhuanú.

## 1.1 Fóram Oideachais

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>5; 7; 9;</b>
<b>Eolas breise</b>	Go mbunófaí Fóram Oideachais ar a mbeadh ballraíocht ag ionadaithe ó Naíonra Dhúiche Sheoigheach, Naíonra na Fairche, Naíonra Thuar Mhic Éadaigh, Scoil Bhríde, Tír na Cille, Scoil Mhuire, Corr na Móna, Scoil Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac, Scoil Naomh Pádraig, An Fhairche, Scoil Thuar Mhic Éadaigh, Coláiste Naomh Feichín agus Coláiste Mhuire. Chinnteodh obair an fhórait go mbeadh eolas á bhailiú ar staid na teanga ón naíonra ar aghaidh agus go mbeadh moltaí á ndéanamh don Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga go rialta		
<b>Aidhm</b>	Ceangal níos luaithe a chothú idir naíonraí agus scoileanna an LPT tríd an bhFóram Oideachais ar mhaithe le leanúnachas in iompar teanga a bhuanú		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Príomhstiúrthóirí na naíonraí, Príomhoidí na mbunscoileanna, Príomhoidí na meánscoileanna, Boird Bainistíochta na scoileanna agus Coistí Tuismitheoirí		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Fóram le bunú. <b>Bliain 2-7:</b> Cruinnithe rialta. Déanfar athbhreithniú ar obair an Fhórait i mbliain a 3 le cinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an sprioc bhunaithe.		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€17,500 le taighde a dhéanamh ar iompar teanga go háitiúil agus bealaí a aimsiú le buanú teanga a chothú ag aois óg		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€2,500	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Leanúnachas in iompar teanga a bhuanú sa gcóras oideachais go háitiúil		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Fóram Oideachais a bhunú a bheadh ionadaíoch ar na forais éagsúla oideachais san LPT		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Ceistneoirí a dhréachtú agus a scaipeadh ar scoileanna agus taighde rialta ar na torthaí. Ceangal dlúth a chothú idir scoileanna an LPT.		

# Réamhoideachas

---

Tá trí naíonra lonnaithe san LPT. Tá péire acu seo i nDúiche Sheoigheach agus ceann i dTuar Mhic Éadaigh. Tá Naíonra Dhúiche Sheoigheach faoi scáth Ghaeloideachas agus tá Naíonra na Fairche agus Naíonra Thuar Mhic Éadaigh faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta.

## Dúshlán

Dúshlán an-mhór do naíonraí an LPT a laghad páistí arb í an Ghaeilge a dreanga teaghlaigh. De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí a reáchtáladh mar chuid den staidéar seo, níl aon pháistí atá ag freastal ar na naíonraí ag labhairt Gaeilge lena dtuismitheoirí ag baile.

Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó a labhraíonn 50% de na páistí sa teaghlach lena chéile.

Cé go bhfuil cúrsaí in oiliúint stiúrthóirí naíonra á reáchtáil ag leithéidí Mhuintearas agus ag an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála (VTOS), tá easpa stiúrthóirí cáilithe ar fáil ar fud na Gaeltachta de bharr

nach bhfuil na cúrsaí ná an oiliúint seo á reáchtáil ar bhonn rialta. De bharr fás agus forbairt CNNG agus Ghaeloideachas agus méadú ar ionaid cúram leanaí agus ionaid tacaíochta teaghlaigh, tá poist bhainistíochta i réimse an luathoideachais ag teacht chun cinn ach tá bainisteoirí atá cáilithe sa réimse luathoideachais, agus/nó bainisteoirí le taithí, an-ghann ar an talamh. Tá cúrsaí tríú leibhéal sna réimsí seo ar fáil, ach níl siad ar fáil i nGaeilge.

Tá ceithre chigireacht á ndéanamh ar ionaid cúram leanaí, ach ní dhéantar i nGaeilge ach cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ní mór go mbeadh gach cigireacht á déanamh trí Ghaeilge - cigireacht Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Pobal, chomh maith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Laige eile sa gcóras nach n-íoctar pá leis na stiúrthóirí i rith shaoire an tsamhraidh agus caithfidh siad dul i dtuilleamaí fócaíochtaí leasa shóisialaigh i gcaitheamh an tsamhraidh.

# Beartha don Réamhoideachas

Má chuirtear an síol go hóg agus má chinntítear go mbeidh béim ar Ghaeilge líofa ón gliabhán agus ón mbunleibhéal oideachais, is ea is mó an deis atá ag an duine óg Gaeilge líofa a shealbhú.

## 1.2 Seachadadh Teanga ag Baile

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go ndéanfaí taighde agus forbairt ar mhodh éifeachtach seachadadh eolais maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoirí agus a bpáistí, ag úsáid dea-chleachtas mar atá go hidirnáisiúnta, agus ag tabhairt san áireamh dea-chleachtas shochtheangeolaíochta agus mhargaíochta. Bheadh na torthaí agus na moltaí ar fáil d'eagrais eile.		
Aidhm	Modh éifeachtach a fhorbairt maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoir agus páiste		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhar Naíonraí na Gaeltachta/Gaeloideachas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Naíonraí an LPT, Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Comhpháirtíocht a chothú le saineolaithe oideachais ar chleachtas iompar teanga <b>Bliain 2:</b> Modh seachadta/pacáiste eolais a fhorbairt <b>Bliain 3:</b> An modh oibre nua/pacáiste eolais a sheachadadh agus a roinnt le seirbhísí eile Gaeltachta <b>Bliain 4 – 7:</b> Athbhreithniú rialta ar an modh oibre/bpacáiste eolais		
Costas measta iomlán:	€10,000 i gcomhair obair thaighde		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000 bliain 1 agus €5,000 bliain 2	Foinsí Maoinithe	Údarás na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Labhairt na Gaeilge a bheith ag gach páiste ar theacht chun an naíonra dóibh		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Modh éifeachtach a bhunú agus a bhainistiú maidir le hiompar teanga ag baile idir an tuismitheoir agus an páiste		

### 1.3 Stiúirthóirí Naíonra

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go gcinnteofaí gur múinteoirí/stiúirthóirí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, nó ar a laghad go bhfuil Gaeilge líofa acu, a cheapfaí sa naíonra ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú i measc páistí óga.		
Aidhm	Seirbhís luathoideachais den scoth trí Ghaeilge, le béim ar an gcanúint áitiúil, a sholáthar		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Gaeloideachas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Comharchumann Dhúiche Sheoigheach, Naíonraí an LPT, Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Polasaí ceapacháin a aontú <b>Bliain 2-7:</b> Feidhmiú an pholasaí cheapacháin		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Scoth an oideachais trí scoth na Gaeilge a bheith ar fáil sa naíonra. Bheadh ról lárnach ag CNNG agus ag Gaeloideachas i gcinntiú gur stiúirthóirí agus foireann le Gaeilge líofa a cheapfaí sa naíonra.		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Dea-Ghaeilge a bheith ag gach stiúirthóir sula gceapfar iad sa naíonra		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe ag an OPT le Príomhstiúirthóirí na naíonraí Tuirisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

### 1.4 Cigireacht trí Ghaeilge

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go gcinnteodh na seirbhísí Stáit ar fad a dhéanann cigireacht ar na seirbhísí luathbhlianta gur i nGaeilge amháin a dhéanfaí an chigireacht.		
Aidhm	Cigireacht ar sheirbhísí Gaeltachta a bheith déanta i nGaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhar Naíonraí na Gaeltachta <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Pobal		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Aontú ar sheirbhísí cigireacht leis na seirbhísí Stáit <b>Bliain 2-7:</b> Feidhmiú na cigireachta trí Ghaeilge		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Scoth an oideachais trí scoth na Gaeilge a bheith ar fáil sa naíonra agus gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga a bheidh dá húsáid sa naíonra		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cigireacht a bheith ar fáil i nGaeilge		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe ag an OPT le Príomhstiúirthóirí na naíonraí go rialta Tuirisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

## 1.5 Saibhriú Teanga

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>6,7,8,9,</b>
<b>Eolas breise</b>	Tá polasaí saibhriú teanga sna naíonraí leis an bplean teanga <b>Borradh</b> de chuid CNNG. Tá an timpeallacht lárnach sa bplean teanga seo agus é dírithe ar an dúlra, ar chuirteanna ar an gcladach/bportach/bhfeirm agus ar fhéiniúlacht an pháiste. Níor mhiste tacaíocht a chur ar fáil le cur leis an bplean seo ionas go bhféadfaí na páistí a <b>thabhairt ar chuirteanna agus ar shiúlóidí agus imeachtaí eile a thabharfadh deiseanna dóibh foclóir agus teanga níos saibhre a shealbhú.</b>		
<b>Aidhm</b>	Seirbhís réamhoideachais den scoth trí Ghaeilge, le béim ar an gcanúint áitiúil, a sholáthar		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> Comharchumann Dhúiche Sheoigheach <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Naíonraí an LPT; CNNG, Gaeloideachas, Údarás na Gaeltachta, RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Forbairt bhreise ar sheachadadh na bpleananna teanga <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta ar na spriocanna		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€31,500. Tá trí naíonra san LPT.		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€4,500. Costas taistil amach ón naíonra	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CNNG/ Gaeloideachas
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Trí aithne a chur ar an timpeallacht áitiúil agus trí chuirteanna dúlra, cuirfear foclóir agus leaganacha cainte i láthair na bpáistí a chabhróidh leo Gaeilge níos saibhre a shealbhú		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Tacaíocht foirne agus maoinithe a chur ar fáil don naíonra		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Liosta d'áiseanna oiriúnacha a sholáthar. Cruinnithe ag an OPT le naíonraí go rialta Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

## 1.6 Cáilíochtaí

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go ndéanfaí forbairt ar mhodúl tríú leibhéal trí Ghaeilge sa luathoideachas. Go ndéanfaí forbairt ar chúrsa tríú leibhéal i sealbhú agus saibhriú teanga		
Aidhm	Cáilíochtaí tríú leibhéal a bheith ag stiúrtóirí naíonraí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> Comhar Naíonraí na Gaeltachta/Gaeloideachas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Naíonraí an LPT; CDS; Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Comhoibriú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG, Údarás na Gaeltachta le plean oibre a ullmhú <b>Bliain 2:</b> Modúl agus cúrsa tríú leibhéal trí Ghaeilge sa luathoideachais a fhorbairt <b>Bliain 3:</b> Modúl/cúrsa céime nua a sheachadadh <b>Bliain 4-7:</b> Athbhreithniú rialta ar na spriocanna		
Costas measta iomlán:	€55,000 (Is féidir an costas seo a roinnt le LPTanna eile)		
Costas measta in aghaidh na bliana	€7,857	Foinsí Maoinithe	CNNG/Gaeloideachas
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Teagascóirí/stiúrtóirí/bainisteoirí luathbhlianta le cáilíochtaí tríú leibhéal a bheith ar fáil ar fud na Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Sruth stiúrtóirí agus bainisteoirí réamhoideachais a bheith ar fáil trí phlean comhtháite a aontú leis na soláthróirí oideachais agus oiliúna ar fad		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Comhoibriú ag CNNG/Gaeloideachas le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge Cruinnithe ag an OPT leis na páirtithe ar fad uair in aghaidh na ráithe Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

## 1.7 Cúrsaí Pá

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Ní íoctar pá le stiúrtóirí naíonra fad a bhíonn an naíonra dúnta do shaoire an tsamhraidh. Fágann sin stiúrtóirí naíonra i dtuilleamaí íocaíochtaí leasa shóisialaigh le linn thréimhse an tsamhraidh.		
Aidhm	Go mbeadh stiúrtóirí naíonra i dteideal pá i rith na bliana ar fad		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> Comhar Naíonraí na Gaeltachta/Gaeloideachas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Naíonraí an LPT		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Córas maoinithe a aontú a chinnteoidh pá i rith na bliana ar fad. <b>Bliain 2:</b> Maoiniú a chinntiú <b>Bliain 2 – 7:</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Stiúrtóirí naíonra a chur ar thuarastal 12 mí den bhliain		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córas maoinithe a chinnteoidh pá i rith na bliana ar fad		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<b>Comhoibriú ag CNNG/Gaeloideachas leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Údarás na Gaeltachta</b> Tuairisc ar dhul chun cinn don Fhóram Oideachais		


# Bunscoileanna

Tá cúig bhunscoil san LPT. Tá ceithre cinn de na scoileanna i nDúiche Sheoigheach agus scoil amháin i dTuar Mhic Éadaigh. (Tá Scoil Choill an tSidheáin i gceantar Thuar Mhic Éadaigh dúnta ó rinneadh an suirbhé seo in Earrach na bliana 2017). Scoileanna lán-Ghaeilge na scoileanna ar fad, cé nach i nGaeilge go hiomlán a dhéantar an teagasc i ngach scoil. D'eagraigh an cheanneagraíocht dhá sheisiún eolais poiblí maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 i gcomhar le Gaeloideachas. Eagraíodh na cruinnithe i mí na Bealtaine 2017 i nDúiche Sheoigheach agus i dTuar Mhic Éadaigh. Tá léiriú spéise sa Scéim

Aitheantais Scoileanna Gaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag gach bunscoil agus meánscoil san LPT.

Dúshlán mór diompar teanga an líon tuismitheoirí a bhfuil cónaí orthu san LPT nach de bhunadh na Gaeltachta iad. De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí is daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht nó daoine nár tógadh in Éirinn iad 31% d'aithreacha agus 50% de mháithreacha a bhfuil clann leo ar bhunscoileanna an LPT.


## BUNSCOILEANNA LPT DHÚICHE SHEOIGHEACH AGUS THUAR MHC ÉADAIGH



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí níl ach céatadán an-íseal de na páistí ag labhairt Gaeilge lena dtuismitheoirí agus níl páistí ag soisialú trí Ghaeilge.

#### Cén teanga a labhraíonn na páistí ag baile/What language do children use within the household



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

Mar sin féin, taispeánann an Suirbhé ar Thuismitheoirí dúinn go bhfuil na páistí ag sealbhú na teanga ar scoil.

#### Má tá Gaeilge agat, cá bhfuair tú í

Fuair mé mo chuid Gaeilge ar scoil	Scoileanna Dhúiche Sheoigheach	Scoileanna Thuar Mhic Éadaigh
	58%	58%

Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

#### Scéim Labhairt na Gaeilge

Cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) sa mbliain 2011. Sna cúig bliana déanacha den scéim, bhí meán de 41% de pháistí bunscoile Dhúiche Sheoigheach a rinne iarratas ar SLG ag fáil an deontas iomlán agus bhí meán de 34% de na páistí ag fáil an deontais laghdaithe.

#### Scéim Labhairt na Gaeilge - Dúiche Sheoigheach

Scoilbhliain	Líon iarratas	Deontas iomlán	Deontas laghdaithe	Líon diúltaithe
2006/2007	55	26 (47%)	28 (51%)	1 (2%)
2007/2008	56	25 (45%)	14 (25%)	17 (30%)
2008/2009	58	18 (32%)	21 (36%)	19 (32%)
2009/2010	44	17 (39%)	14 (32%)	13 (29%)
2010/2011	37	15 (41%)	10 (27%)	12 (32%)

Foinse: SLG



I gceantar Thuar Mhic Éadaigh, sna cúig bliana déanacha de SLG, bhí meán de 36% de na páistí bunscoile a rinne iarratas ar SLG ag fáil ag deontas iomlán agus meán de 22% ag fáil an deontas laghdaithe.

### Scéim Labhairt na Gaeilge - Tuar Mhic Éadaigh

Scoilbhliain	Líon iarratas	Deontas iomlán	Deontas laghdaithe	Líon diúltaithe
2006/2007	30	10 (33%)	14 (47%)	6 (20%)
2007/2008	41	10 (24%)	11 (27%)	20 (49%)
2008/2009	38	10 (26%)	3 (8%)	25 (66%)
2009/2010	19	8 (42%)	3 (16%)	8 (42%)
2010/2011	14	8 (57%)	2 (14%)	4 (29%)

Foinse: SLG

### Scéim Labhairt na Gaeilge – LPT Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh

Scoilbhliain	Líon iarratas	Deontas iomlán	Deontas laghdaithe	Líon diúltaithe
2006/2007	85	36 (42%)	42 (49%)	7 (8%)
2007/2008	97	35 (36%)	25 (26%)	37 (38%)
2008/2009	96	28 (29%)	24 (25%)	44 (46%)
2009/2010	63	25 (40%)	17 (27%)	21 (33%)
2010/2011	51	23 (45%)	12 (24%)	16 (31%)

Foinse: SLG

### Dúshlán

Tá sé soiléir ón Suirbhé ar Thuismitheoirí gurb é an dúshlán is mó ó thaobh iompar teanga san LPT ná a laghad Gaeilge atá á labhairt ag tuismitheoirí lena gcuid páistí ag baile. 3% ar an meán de na páistí atá ag labhairt Gaeilge amháin lena dtuismitheoirí.

Tá laghdú mór tagtha ar dhaonra phobal Thuar Mhic Éadaigh, agus an pobal thart air, le blianta anuas. De bharr an laghdaithe seo ar an daonra, tá sé cinn de bhunscoileanna dúnta sa gceantar le fiche bliain anuas. Orthu sin tá Scoil an Doire, Scoil Fhionnaithe, Scoil Sheana Farracháin, Scoil na Sraithe, Scoil Pháirc an Doire agus Scoil Choill an tSidheáin a dúnadh ag deireadh na scoilbhliana 2016/2017. Tarlaíonn sé go raibh na bunscoileanna seo ar fad lonnaithe sa gcuid sin den phobal ina raibh an Ghaeilge láidir.

# Bearta don Bhunoideachas

Deir an Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022:

*Aithníonn an Polasaí an ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta chun oideachas ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a sholáthar agus chun inniúlacht agus úsáid na Gaeilge a chothú sa bpobal Gaeltachta i gcoitinne. Tá muinín agus tacaíocht na dtuismitheoirí agus an phobail áitiúil d'obair na scoileanna agus na suíomhanna luathbhlianta i limistéir Ghaeltachta ríthabachtach.*

Tá sé inmholta go mbeadh ceangal láidir idir an teaghlach agus an córas oideachais lena chinntiú go spreagfaí tuismitheoirí, páistí agus múinteoirí le go

mbeadh an Ghaeilge ina príomhtheanga chumarsáide sa teaghlach agus sa scoil.

## 1.8 Ceapacháin

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Go gcinnteofaí gur múinteoirí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, nó ar a laghad go bhfuil Gaeilge líofa acu, a cheapfaí sa scoil ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú.		
Aidhm	Go mbeadh Gaeilge den scoth ag gach múinteoir i ngach bunscoil		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> An Roinn Oideachais agus Scileanna <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Príomhoidí bhunscoileanna an LPT; Boird Bhainistíochta bhunscoileanna an LPT; Coistí Tuismitheoirí na mbunscoileanna		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Aontú plean comhtháite laistigh de na scoileanna maidir le polasaí ceapacháin <b>Bliain 1- 7:</b> Feidhmiú an pholasaí ceapacháin: Athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Go mbeadh polasaí sonracha aontaithe ag Boird Bhainistíochta na mbunscoileanna maidir le ceapachán múinteoirí le Gaeilge ó dhúchas. Go leasófaí an córas painéil múinteoirí ionas nach mbeadh brú ar scoileanna múinteoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu a fhostú.		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	An polasaí a chur i bhfeidhm gan cheist		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<b>Cruinnithe ag an OPT le príomhoidí na mbunscoileanna</b> Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

## 1.9 Bainistiú Teanga sa gClós

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
<b>Eolas breise</b>	<p>Cleachtas bainistithe teanga i gclós na scoile a fheidhmiú ionas go mbeadh na páistí ar fad ag labhairt Gaeilge go nádúrtha sa gclós <b>laistigh de sheal blianta</b>. Tá deacracht i ngach bunscoil le labhairt na Gaeilge i measc na bpáistí i gclós na scoile agus bheadh sé inmholta cleachtas bainistithe teanga a fheidhmiú i gclósanna na mbunscoileanna mar a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Bheadh na naíonáin bheaga faoi stiúir múinteora nó cúntóra i bpáirt amháin den chlós agus ní bheadh cead ach Gaeilge amháin a labhairt sa gcuid sin den chlós. Threiseofaí ar úsáid na Gaeilge i measc na bpáistí.</li> <li>An bhliain dár gcionn, bheadh na naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra i gclós amháin nó páirt den chlós le chéile agus gan ach Gaeilge amháin á labhairt sa gclós sin.</li> <li>An tríú bliain, bheadh na naíonáin bheaga, na naíonáin mhóra agus rang a haon sa gclós “lán-Ghaeilge” seo.</li> <li>Bheadh an scéal amhlaidh le rang a dó.</li> </ul> <p>Faoin tráth seo, bheadh nósmaireacht iompar teanga bunaithe i gclós na scoile agus ní bheadh ach Gaeilge amháin sa gclós. Dá gcuirfí an cleachtas bainistithe teanga sa gclós i bhfeidhm bheadh an clós uile ag labhairt Gaeilge in imeacht ceithre bliana.</p> <p>Moltar go mbeadh cluichí clóis ullmhaithe roimh ré agus á múineadh do na páistí. Thiofadh téarmaíocht Ghaeilge i gceist anseo ó thaobh imirt peile agus cluichí eile. Chuirfí cúntóirí teanga breise ar fáil leis an gcleachtas teanga seo a fheidhmiú.</p>		
<b>Aidhm</b>	Go mbeadh an Ghaeilge ina teanga chumarsáide go nádúrtha ag páistí an dá scoil		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<p><b>Príomhúinéir:</b> Príomhoidí na mbunscoileanna san LPT  <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Boird Bhainistíochta agus Coistí Tuismitheoirí na mbunscoileanna san LPT; An Roinn Oideachais agus Scileanna; Muintearas ó thaobh na gcúntóirí teanga</p>		
<b>Saolré</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Aontú plean comhtháite laistigh de na scoileanna maidir le polasaí Gaeilge i gclós na scoile  <b>Bliain 2- 7:</b> Feidhmiú plean comhtháite laistigh de na scoileanna maidir le polasaí Gaeilge i gclós na scoile  <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€291,200 (Tá seo ag tógáil san áireamh go mbeidh 5 bhunscoil san LPT in 2017)		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€41,600 (Tuarastal Cúntóra Teanga €8320 x 5)	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Páistí bunscoile a bheith ag sóisialú trí Ghaeilge go nádúrtha		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Cleachtais sóisialú teanga i gclós na scoile a fheidhmiú ionas go mbeidh páistí ag labhairt Gaeilge go nádúrtha eatarthu féin		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe rialta ag an OPT le príomhoidí na mbunscoileanna Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

## 1.10 Scéim Labhairt na Gaeilge

<b>Réimse:</b>	<b>8. Seirbhísí Poiblí</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>3,13,15,18</b>
<b>Eolas breise</b>	<p>Moltar go dtabharfaí ar ais Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG ) do pháistí bunscoile. Moltar go ndéanfaidh cigirí na Roinne scrúdú béil ar na páistí ar scoil. Chuirfí deontas bliantúil €500 ar fáil do theaghlach na bpáistí a n-éireodh leo sa scrúdú béil a chuirfeadh oifigeach ón RCOG orthu. Mura n-éireodh leis an bpáiste pas a fháil sa scrúdú béil, ní bheadh an deontas ar fáil ná ní bheadh an teaghlach sin i dteideal scoláirí a choinneáil ina dtithe faoi scéim na gcoláistí samhraidh ná i dteideal scéimeanna deontais eile na Roinne. Ní bheadh an costas chomh hard ach oiread, ach an scéim a theorannú do na bunscoileanna. Tá costas na scéime bunaithe ar 321 páiste san LPT in aghaidh na bliana. Tá an figiúr seo bunaithe ar líon na bpáistí san LPT idir 4-12 bliain i nDaonáireamh 2016. Bunaithe ar thorthaí SLG ag an tráth ar cuireadh deireadh leis an scéim bheifí ag súil go mbeadh 160 páiste nó c.50% de na páistí i dteideal an deontais iomláin. Moltar go gcuirfí an scéim i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.</p>		
<b>Aidhm</b>	<p>Tacú le teaghlach an Ghaeilge a labhairt lena gclann agus spreagadh a thabhairt dóibh chuige sin. Borradh a chur faoi iompar teanga.</p>		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<p><b>Príomhúinéir:</b> An RCOG  <b>Páirtithe Leasmhara:</b> CDS, Údarás na Gaeltachta</p>		
<b>Saolré</b>	<p><b>Bliain 1:</b> Athghairm ar SLG  Aontú ar mhaoiniú  Córais a aontú maidir le cur i bhfeidhm na scéime  <b>Bliain 2-7:</b> Feidhmiú na scéime  <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta</p>		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€560,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	<b>€80,000</b>	<b>Foinsí Maoinithe</b>	RCOG
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	SLG a athghairm agus a chur i bhfeidhm mar atá molta sa bplean seo		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Córas scrúduithe a chur i bhfeidhm agus maoiniú a sholáthar		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	<p>Ar bonn polaitiúil a dhéanfar an cinneadh seo. Stocaireacht le déanamh ag pobail Ghaeltachta lena chur i gcrích  Cruinnithe ag CDS leis an RCOG go rialta  Athbhreithniú iomlán ar an bplean ag deireadh bhliain 3</p>		

### 1.11 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Go gcomhlíonfaidh gach bunscoil san LPT na critéir a bhaineann leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 le haitheantas mar Scoil Gaeltachta a chinntiú. Go mbeadh na bunscoileanna ar fad ina Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Aidhm	Bunscoileanna an LPT a bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<p><b>Príomhúinéir:</b> Príomhoidí bhunscoileanna an LPT</p> <p><b>Páirtithe Leasmhara:</b> Boird Bhainistíochta agus Coistí Tuismitheoirí na mbunscoileanna; An Roinn Oideachais agus Scileanna</p>		
Saolré	<p><b>Bliain 1:</b> Tús a chur le feidhmiú critéir na Roinne Oideachais agus Scileanna</p> <p><b>Bliain 2- 7:</b> Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn</p>		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Bunscoileanna an LPT a bheith aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Páistí a bheith ag labhairt Gaeilge go nádúrtha ag baile agus i gclós na scoile		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe rialta ag an OPT le príomhoidí na mbunscoileanna Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

## 1.12 Cúntóirí Teanga

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>5,6,8,9</b>
<b>Eolas breise</b>	Moltar go mbeadh cúntóir teanga ar fáil do gach bunscoil san LPT. Moltar go gcuirfí cúrsaí oiliúna ar fáil do chúntóirí teanga go tráthrialta, go ndéanfaí an scéim níos cinnte agus níos leanúnaí, réidh le tosú ag tús na scoilbhliana seachas scoileanna a bheith ag fanacht agus ag dréachtú pleananna ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus an scéim ag teacht chun críche i mí Aibreáin mar atá. Níor mhiste go bhfostófaí múinteoirí cáilithe don obair thábhachtach seo mar a dhéantar faoin scéim d'imircigh a mbíonn deacrachtaí acu leis an mBéarla.		
<b>Aidhm</b>	Cúntóirí Teanga a bheith ar fáil do gach bunscoil san LPT		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> Príomhoidí bunscoileanna an LPT <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Boird Bhainistíochta agus Coistí bhunscoileanna an LPT; Muintearas; Údarás na Gaeltachta; RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Córas leasuithe Cúntóirí Teanga a aontú <b>Bliain 1-7:</b> Córas leasuithe Cúntóirí Teanga a fheidhmiú; Athbhreithniú bliantúil		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Tacú le saibhriú teanga páistí bunscoile		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Soláthar dóthanach cúntóirí teanga a bheith ar fáil do gach scoil		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe ag an OPT le príomhoidí na mbunscoileanna go míosúil Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

# Meánoideachas

Tá mór-athrú suntasach amháin tagtha ar thinreamh an dá mheánscoil san LPT le blianta anuas agus is é sin gur ó thaobh amuigh de cheantar áitiúil na scoile a thagann formhór na scoláirí atá ag freastal ar an dá scoil. Tá meánscoil, Coláiste Mhuire, i dTuar Mhic Éadaigh le breis agus céad bliain agus tá meánscoil, Coláiste Naomh Feichín, i gCorr na Móna i nDúiche Sheoigheach le leathchéad bliain.

Tagann formhór scoláirí Choláiste Mhuire ó na bailte móra atá in iardheisceart Mhaigh Eo - Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh agus Baile an Róba. Tagann c.50% de scoláirí Choláiste Naomh Feichín ó iarthuaisceart Chonamara - Leitir Fraic, Rinn Mhaoile agus an Liónán. An rud atá comónta ag abhantrach Choláiste Mhuire agus abhantrach Choláiste Naomh Feichín ná gur as ceantair, nach ceantair Ghaeltachta iad, is mó thagann líon ard de na scoláirí atá ag freastal ar an dá scoil. Cuireann sé seo brú as an gcoiteann ar


an nGaeilge sa dá scoil. Is é príomhaidhm chuile scoil saoránaigh den scoth le hoideachas den scoth a chur ar fáil. Cuireann sé brú breise ar na scoileanna nuair atá siad ag iarraidh a ndualgais oideachais a chomhlíonadh agus ag an am céanna an t-oideachas sin a theagasc i nGaeilge cé nach i ngeall ar an nGaeilge atá céatadán ard de na scoláirí ag freastal ar an dá mheánscoil. Tá seo le tabhairt faoi deara sa Suirbhé ar Thuismitheoirí sa dá mheánscoil.

De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí, is daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht nó daoine nár tógadh in Éirinn iad 54% d'aithreacha agus 69% de mháithreacha a bhfuil clann leo ar mheánscoileanna an LPT.

Tá léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Ghaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag gach bunscoil agus meánscoil san LPT.

## MEÁNSCOILEANNA LPT


### Coláiste Mhuire agus Coláiste Naomh Feichín



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

Tugann an suirbhé céanna le fios gur beag Gaeilge atá á labhairt ag scoláirí taobh amuigh den scoil.

Cén teanga a labhraíonn tú taobh amuigh den mheánscoil	Béarla amháin/ Béarla den chuid is mó	Gaeilge amháin/ Gaeilge den chuid is mó	Gan Freagra
Coláiste Mhuire	72%	3%	25%
Coláiste Naomh Feichín	93%	0%	7%



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

### Dúshlán

Is dúshlán ollmhór don dá mheánscoil an líon ard scoláirí nach í an Ghaeilge a bpríomhtheanga chumarsáide. Ní beag iad na dúshlán oideachais trí Ghaeilge atá ag gach scoil san LPT agus, dá réir, ní foláir iarrachtaí ar leith a dhéanamh a chinnteoidh go mbeidh meánscolaíocht trí Ghaeilge ar fáil sa dá cheantar Gaeltachta seo.



# Bearta don Mheánoideachas

Tráth cinniúnach i bhforbairt an duine óig is ea an tréimhse ar meánscoil. Le meascán de thacaíocht ón gcóras oideachais agus le rannpháirtíocht agus úinéireacht a thabhairt don dalta ar shealbhú na Gaeilge, is féidir leis an duine óg meas agus cion ar an teanga a shealbhú agus a chothú.

## 1.13 Aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Pleanáil a dhéanamh i gColáiste Mhuire agus i gColáiste Naomh Feichín a chinnteoidh aitheantas don dá mheánscoil mar Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Aidhm	Coláiste Mhuire agus Coláiste Naomh Feichín a bheith aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar Scoil Ghaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Príomhoide/Bord Bainistíochta an dá mheánscoil <b>Páirtithe Leasmhara:</b> An Roinn Oideachais agus Scileanna; BOOGR; Coistí Tuismitheoirí		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Aontú le foireann na scoile, tuismitheoirí agus scoláirí maidir le haitheantas a bhaint amach mar Scoileanna Gaeltachta <b>Bliain 2-7:</b> Comhráite/cruinnithe/comhaontuithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna; Aitheantas a bhaint amach mar Scoileanna Gaeltachta		
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas san áireamh i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Aitheantas a lorg agus a chinntiú don dá mheánscoil mar Scoileanna Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Critéir na Roinne Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	<b>Cruinnithe rialta ag an OPT le príomhoidí</b> Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

### 1.14 Post Freagartha

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Post freagartha foirne, le haithreas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, a chruthú sa dá mheánscoil arb é dualgas an phoist polasaí Gaeilge na scoile a dhaingniú agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Bheadh an “post” seo freagrach freisin as riaradh an chórais cinnreachta scoláirí		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Príomhoidí agus Boird Bainistíochta <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Foireann agus Coistí Tuismitheoirí; An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Post freagartha foirne a aontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna/Bord Bainistíochta; <b>Bliain 2- 7:</b> Feidhmiú post freagartha foirne; Athbhreithniú bliantúil		
Costas measta iomlán:	€73,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,500. Bunaithe ar rátaí na Roinne Oideachais agus Scileanna (€5250 p.p x2)	Foinsí Maoinithe	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córais a chur i bhfeidhm sa dá mheánscoil a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe rialta ag an OPT le príomhoidí Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

### 1.15 Cúntóirí Teanga

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Go ndéanfaí athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Teanga ar mhaithe le soláthar cúntóirí teanga a chur ar fáil do mheánscoileanna an LPT		
Aidhm	Cabhrú le scoláirí cur lena saibhreas teanga labhartha		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/ Muintearas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Príomhoidí agus Boird Bainistíochta; RCOG		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Maoiniú a chinntiú i gcomhar le Muintearas <b>Bliain 2- 7:</b> Cúntóir/cúntóirí teanga a bheith i ngach meánscoil		
Costas measta iomlán:	Baineann le Muintearas		
Costas measta in aghaidh na bliana	Baineann le Muintearas	Foinsí Maoinithe	Muintearas
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Cabhrú le scoláirí cur lena saibhreas focal agus lena saibhreas cainte trí chleachtais aitheanta teanga agus comhrá duine ar dhuine		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córas cúntóirí teanga a bheith ar fáil sna meánscoileanna		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Córas a aontú le Muintearas Athbhreithniú bliantúil ar thionchar na gcúntóirí teanga ar iompar teanga sna scoileanna		

### 1.16 Soláthar Múinteoirí le hArdchaighdeán Gaeilge

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>5,6,10</b>
<b>Eolas breise</b>	I bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag iarbhunskoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iarbhunskoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú, moltar go bhforbrófaí an Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) mar atá sonraithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, ar mhaithe le go mbeadh soláthar céimithe ar fáil le socrúchán/poist a bhaint amach in iarbhunskoileanna Gaeltachta ex quota. <b>Níor mhiste dianchúrsaí Gaeilge a reáchtáil do bhunmhúinteoirí agus do mheánmhúinteoirí go tráthrialta lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí le caighdeáin.</b>		
<b>Aidhm</b>	Soláthar múinteoirí le Gaeilge líofa a bheith ar fáil do scoileanna Gaeltachta		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/An Roinn Oideachais agus Scileanna <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Príomhoidí/Boird Bainistíochta		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Aontú idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe oideachais tríú leibhéal <b>Bliain 2:</b> Tús le soláthar múinteoirí cáilithe <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Soláthar rialta múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge a bheith ar fáil		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe ag CDS leis an Roinn Oideachais agus Scileanna Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

### 1.17 Córas Cinnreachta

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>5,6,10</b>
<b>Eolas breise</b>	Córas cinnreachta a eagrú i measc na scoláirí le meas ar an nGaeilge a chruthú. Níor mhiste ról cinnreachta a thabhairt do scoláirí atá gníomhach in imeachtaí spóirt agus sóisialta. Tharlódh sé go mbeadh glacadh ag déagóirí le nósmaireacht a chruthóidís féin seachas nósmaireacht a bheadh á “brú” orthu ag múinteoirí. Ba chabhair é an soláthar múinteoirí faoin gClár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) don chóras cinnreachta seo.		
<b>Aidhm</b>	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Príomhoidí agus Boird Bainistíochta <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Coiste Tuismitheoirí; Scoláirí na scoile		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Córas cinnreachta a aontú le foireann agus le scoláirí <b>Bliain 2-7:</b> Feidhmiú córas cinnreachta; Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€1,000 (€500 per scoil i gcomhair duaiseanna)	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Córais a chur i bhfeidhm a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe rialta ag an OPT le príomhoidí Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

## 1.18 Na Meáin Shóisialta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Seisiúin eolais rialta ar théarmaí meáin shóisialta, téacsáil etc. i nGaeilge. Comórtais físeáin agus cláracha eile a eagrú idir na scoláirí, le cabhair agus tacaíocht ó dhaoine gairmiúla sa bpobal, ar mhaithe le taithí a thabhairt dóibh ar úsáid na meán sóisialta i nGaeilge agus a gcuid cruthaitheachta a thabhairt chun cinn trí mheán na Gaeilge. B'fhiú duaiseanna tarraingteacha, urraithe ag comhlachtaí áitiúla/teileachumarsáide, a chur ar fáil.		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Príomhoidí agus Boird Bainistíochta <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Coistí Tuismitheoirí; Post Freagartha Gaeilge; Scoláirí na scoile; Gnólachtaí áitiúla		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Seisiúin/ranganna ar úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta a phleanáil agus a aontú le scoláirí <b>Bliain 2- 7:</b> Seisiúin/ranganna a eagrú agus a fheidhmiú; Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 1.16		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 1.16	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Costas san áireamh i mBeart 1.16
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córais a chur i bhfeidhm sa dá mheánscoil a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe ag an OPT le príomhoidí agus leis an bpost freagartha go míosúil Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

## 2. Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teanga

---

Tá freastal maith ó thaobh an réamhoideachais ar fáil san LPT. Tá trí cinn de naíonraí sa gceantar. Gníomhaíonn péire de na naíonraí faoi scáth Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus an ceann eile faoi scáth Ghaeloideachas. Cé gur eagraíodh feachtas láidir pobail le Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a fhorbairt i nDúiche Sheoigheach idir 2003 agus 2005 níl ionad cúram leanaí ná ionad tacaíochta teaghlaigh san LPT. Tá iarrachtaí maithe ar bun sa dá phobal ó thaobh tacaíochta teanga agus ranganna agus tá deiseanna eile foghlama á gcur ar fáil i dTuar Mhic Éadaigh agus i nDúiche Sheoigheach.

### Seirbhísí Cúram Leanaí agus Réamhscolaíochta

Is iad na naíonraí sa dá phobal atá ag cur gach seirbhís eagraithe cúram leanaí ar fáil. Tá líon dóthanach páistí i nDúiche Sheoigheach le go bhféadfaí Ionad Cúram Leanaí nó Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a reáchtáil sa bpáirt sin den LPT, ach níl líon na bpáistí i dTuar Mhic Éadaigh sách ard chuige sin. Freisin, tá an dá cheantar rófhada óna chéile le go ndéanfadh páistí ó cheantar amháin acu freastal ar Ionad Cúram Leanaí/ Ionad Tacaíochta Teaghlaigh sa gceantar eile.

### Seirbhísí Tacaíochta Teanga

Tá iarrachtaí móra ar bun ag Coiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh (CCTFTMÉ)

agus ag CDS maidir le tacú leis an bpobal an Ghaeilge a shealbhú. Tá imeachtaí don óige agus do dhaoine fásta ar fáil agus reáchtáiltear féilte agus imeachtaí pobail agus scoileanna samhraidh sa dá phobal. Bheadh sé inmholta béim ar leith a chur ar ócáidí agus imeachtaí a thabharfadh stádas agus tacaíocht don teanga agus a mhúscloídh muinín agus bród sa nGaeilge. Tá ranganna Gaeilge agus deiseanna eile an Ghaeilge a chleachtadh á n-eagrú sa dá phobal agus is fiú tógáil orthu seo.

### Dúshlán

Mar atá tugtha faoi deara sa Suirbhé ar Thuismitheoirí, tá obair mhór le déanamh le cur ina luí ar thuismitheoirí an Ghaeilge a thabhairt dá gclann ag baile agus le cabhrú leo siúd nach í an Ghaeilge a gcéad teanga tuiscint a bheith acu ar thábhacht na teanga sa bpobal Gaeltachta seo. Toisc chomh fada ó chéile atá na lárionaid pobail sa dá cheantar atá san LPT, níor mhiste féachaint chuige go ndéanfaí forbairt ar ionaid tacaíochta don teanga sa dá cheantar. Tá dea-obair ar bun cheana féin, ach le háiseanna agus tacaíocht bhreise bheifí ag súil go bhféadfaí dul chun cinn suntasach a dhéanamh i gcur chun cinn na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh san LPT. Níor mhiste freisin staidéar a dhéanamh ar an riachtanas atá le lárionad tacaíochta don teaghlach san LPT.

# Bearta do na Seirbhísí Cúram Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear Seirbhísí Tacaíochta Teanga

Cé nach bhfuil an Ghaeilge chomh láidir is a bhíodh san LPT, tá sé soiléir ón Suirbhé Tuismitheoirí gur mian leis an bpobal go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga pobail. **Deir 78% de thuismitheoirí go bhfuil sé tábhachtach dóibh go mairfeadh an Ghaeilge mar theanga pobail san LPT.**

## 2.1 Ionad Cúram Leanaí/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/Ionad Buail Isteach

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>7,8,9,11</b>
<b>Eolas breise</b>	Tá gá le hathchóiriú a dhéanamh ar na hionaid phobail i gCorr na Móna, i dTuar Mhic Éadaigh, ar an Mám agus ar an bhFairche lena gcur in oiriúint do riachtanais áitiúla, ina measc Ionaid Cúram Leanaí/Ionaid Tacaíochta Teaghlaigh/Ionaid Buail Isteach. Bheadh seirbhísí naíolainne, naíonra, seirbhís iarscoile agus ionaid teacht le chéile do thuismitheoirí mar chuid den fhorbairt. Chuirfeadh an t-athchóiriú ar na hionaid le deiseanna siamsaíochta agus sóisialta eile.		
<b>Aidhm</b>	Seirbhís iomlán cúram leanaí agus luathoideachais a bheith ar fáil trí Ghaeilge sa dá phobal atá mar chuid den LPT		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Coiste Forbartha Chorr na Móna, CCTFTÉ; Coiste Pobail an Mháma; Coiste Pobail na Fairche; Naíonra Dhúiche Sheoigheach; Naíonra na Fairche; Naíonra Thuar Mhic Éadaigh; Comhar Naíonraí na Gaeltachta; Gaelscoileanna; Údarás na Gaeltachta; RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Aontú idir choistí atá freagrach as na hionaid <b>Bliain 2:</b> Ionaid a athchóiriú <b>Bliain 3-7:</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€600,000 D'uireasa réamhphleanáil áitiúil is figiúir mheasta atá anseo. €150,000 san áireamh mar chostas measta do gach ionad		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€85,715	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta; RCOG
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	<b>Gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga a bheidh á húsáid sna hionaid</b>		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Ionad Cúram Leanaí/Tacaíochta Teaghlaigh/Ionad Buail Isteach a bhunú		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Aontú le coistí éagsúla san LPT a bhainfeas leas as an bhforbairt Maoniú dóthanach a aimsiú		

## 2.2 Lárionad Tacaíochta Teaghlaigh

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Córas Oideachais</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>7,8,9,11</b>
<b>Eolas breise</b>	Moltar go ndéanfaí staidéar féidearthachta ar thógáil Lárionad Tacaíochta Teaghlaigh san LPT. Moltar staidéar a dhéanamh ar an riachtanas atá lena leithéid, suíomh lárnach, costais forbartha agus reatha		
<b>Aidhm</b>	An riachtanas atá le lárionad do sheirbhísi teaghlaigh trí Ghaeilge a mheas		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Coiste Forbartha Chorr na Móna, CCTFTÉ; Údarás na Gaeltachta; RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Dul i mbun Staidéar Féidearthachta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€20,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€20,000 do Bhliain 1	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta; RCOG
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	An gá lena leithid d'ionad a mheas		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Staidéar Féidearthachta agus plé sa bpobal		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Maoniú a aimsiú agus an staidéar a dhéanamh		

### 3. Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile

De réir Dhaonáireamh 2016, tá 24% de dhaonra an LPT faoi bhun 19 bliain d'aois. Sin ardú faoi bhun 1% ar an daonra faoi 19 bliain d'aois ó Dhaonáireamh 2011.

Líon daonra 19 bliain d'aois agus faoina bhun	Fireann	Baineann	Iomlán
	364	413	777

Foinse: Daonáireamh 2016

	Fireann 2011	Baineann 2011	Iomlán 2011	Fireann 2016	Baineann 2016	Iomlán 2016
Daonra 19 bliain d'aois agus faoina bhun	377	378	755	364	413	777
% den daonra 19 bliain d'aois agus faoina bhun	11.8%	11.8%	23.7%	11.4%	13.0%	24.4%

Foinse: Daonáireamh 2011 & 2016

Tá 378 duine atá 15 bliain d'aois agus os a chionn fós páirteach sa gcóras oideachais san LPT.

Daonra 15 bliain agus os a chionn nach bhfuil críoch lena gcuid oideachais	Fireann	Baineann	Iomlán
Fós ar scoil nó coláiste	99	187	286
Eile	53	39	92

Foinse: Daonáireamh 2016

De réir Dhaonáireamh 2016, is cainteoirí laethúla Gaeilge laistigh den chóras oideachais 25% den daonra a bhfuil an cumas acu Gaeilge a labhairt.

Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais	Fireann	Baineann	Iomlán
	221	294	515

Foinse: Daonáireamh 2016

Mar chuid den taighde a rinneadh don Suirbhé ar Thuismitheoirí, feictear go bhfuil 581 duine óg páirteach sa gcóras oideachais san LPT ó leibhéal an naíonra go dtí leibhéal na meánscoile.

Páirteach sa gcóras oideachais san LPT	Naíonra	Bunscoil	Meánscoil	Iomlán
	52	254	275	581

Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí



## Iompar teanga sa teaghlach

<sup>12</sup>De réir an tSuirbhé ar Thuismitheoirí a rinneadh san LPT, tá an líon páistí a labhraíonn Gaeilge ag baile lena dtuismitheoirí, agus a labhraíonn Gaeilge eatarthu féin, thar a bheith íseal. I gcás na bpáistí atá ag freastal ar naíonraí i nDúiche Sheoigheach, léirigh an suirbhé nach bhfuil aon pháiste ag labhairt Gaeilge ag baile lena dtuismitheoirí ná eatarthu féin. Léiríonn an suirbhé chomh maith gur Béarla amháin, nó Béarla den chuid is mó, a labhraíonn suas le 80% de na páistí ag baile.

Ó thaobh na mbunscoileanna, tá an pictiúr beagán níos fearr ach fós feiceann muid gur Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó a labhraíonn páistí ag baile. Feiceann muid freisin go bhfuil an Ghaeilge sa teaghlach níos láidre de bheagán i gceantar Dhúiche Sheoigheach seachas mar atá i dTuar Mhic Éadaigh.

## Seirbhísí don Óige

Tá réimse maith imeachtaí eagraithe ar fáil don aos óg i gceantar Thuar Mhic Éadaigh agus is trí Ghaeilge a reáchtáiltear cuid mhaith acu. Tá Bunchlub, faoi choimirce Óige na Gaeltachta/Muintearas, sa bpobal do dhaoine óga idir 7 agus 12 bliain d'aois agus déanann idir 20 agus 25 duine óg freastal air. Trí Ghaeilge go hiomlán a bhíonn imeachtaí an chlub. Don aoisghrúpa níos sine, tá club Foróige ann. Déanann slua mór, suas le 60, freastal ar chlub Foróige. Tagann siad ó áiteanna chomh fada ó bhaile le Caisleán an Bharraigh, Baile an Róba agus Cathair na Mart agus, dá bharr seo, is beag Gaeilge a bhíonn le cloisteáil i gclub Foróige. Eagraíonn CCTFTMÉ campaí samhraidh i gcomhar le Muintearas. Trí Ghaeilge go hiomlán a bhíonn na campaí seo. Eagraíonn Ceol na Locha imeachtaí ceoil do dhaoine óga, go hiomlán trí Ghaeilge agus eagraítear ranganna ceoil traidisiúnta go hiomlán trí Ghaeilge freisin. Eagraítear ranganna drámaíochta do dhaoine óga go dátheangach. Tagann grúpaí tuismitheoirí agus páistí le chéile go rialta agus is go dátheangach a reáchtáiltear na hócáidí seo. Tá foirne faoi aois do bhuachaillí agus do chailíní ag Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh.

I gceantar Dhúiche Sheoigheach tá cumann Óg-Ógras gníomhach ar an bhFairche. Faoi scáth Chonradh na Gaeilge atá Óg-Ógras agus déanann sé freastal ar dhaoine óga idir 7 agus 12 bliain d'aois. Tá ag éirí thar barr leis an gcumann seo agus bíonn déagóirí níos sine gníomhach in imeachtaí atá á reáchtáil sa gcumann. Déanann suas le 30 freastal rialta.

Tá easpa imeachtaí eagraithe don óige i gceantar Chorr na Móna agus an Mháma. Bhíodh club óige i gCorr na Móna san am a caitheadh ach níl a thuille. Tá Craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann bunaithe i nDúiche Sheoigheach agus é bisiúil. Déanann suas le 30 duine óg freastal rialta ar imeachtaí na craoibhe.

Tá foirne faoi aois do bhuachaillí agus do chailíní ag Cumann Peile Naomh Pádraig, An Fairche. Tá an cumann ionadaíoch ar an bpobal ó cheantar an Mháma go dtí teorainn Mhaigh Eo.

Eagraítear ranganna snámha i gCorr na Móna i rith an tsamhraidh agus iad go hiomlán trí Ghaeilge. Eagraítear ranganna cuilcheangal do dhaoine óga sa gceantar freisin agus bíonn formhór na seisiúin trí Ghaeilge. Eagraítear teacht le chéile do thuismitheoirí agus páistí i gCorr na Móna go hiomlán trí Ghaeilge.

## Na Dúshláin

Is iad na dúshláin is mó ó thaobh dhaoine óga agus an Ghaeilge san LPT ná a laghad Gaeilge atá á labhairt ag teaghlaigh ag baile agus a laghad imeachtaí trí Ghaeilge atá ar fáil sa bpobal. Cé go bhfuil polasaí Gaeilge ag roinnt de na cumainn áitiúla, ní foláir go mbeadh polasaí sonracha láidir Gaeilge ag gach cumann agus go mbeadh an polasaí á chur i bhfeidhm agus go mbeadh éifeacht dá réir aige ar an óige.

# Bearta do Sheirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí eile

Ba mhór an dul chun cinn cur le himeachtaí eagraithe don óige trí mheán na Gaeilge san LPT go háirithe i gceantar Dhúiche Sheoigheach. Ní foláir go gcuirfí i bhfeidhm polasaí sonracha Gaeilge do gach eagraíocht.

## 3.1 Clubanna Óige lán-Ghaeilge

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Moltar go ndéanfaí athbhunú ar an gclub óige áitiúil i gCorr na Móna. Is fiú tacaíocht a lorg ó Ógras ó tharla cumann dá gcuid a bheith ar an bhFairche. Is fiú tacaíocht a lorg freisin ó Óige na Gaeltachta/Muintearas. Moltar go ndéanfaí iarracht cinnirí le Gaeilge a bheith gníomhach i gclub Foróige i dTuar Mhic Éadaigh ar mhaithe le himeachtaí trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa gclub. Moltar freisin oiliúint a chur ar fáil do dhaoine fásta a bheadh sásta gníomhú mar chinnirí.		
Aidhm	Timpeallacht shóisialta lán-Ghaeilge a chothú d'óige an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Muintearas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Ógras; Foróige; Tuismitheoirí na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Bunaigh coiste i gcomhar le tuismitheoirí Déan comhoibriú le coistí i nDúiche Sheoigheach agus i dTuar Mhic Éadaigh <b>Bliain 2:</b> Cuir bonn láidir Gaeilge faoi na clubanna óige <b>Bliain 3-7:</b> Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€35,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Foinsí Maoinithe	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Timpeallacht Ghaelach a chruthú d'óige an LPT ina mbeidh áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta ar fáil dóibh trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Clubanna óige a athbhunú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe rialta ag an OPT leis an gclub óige Tuiriscí rialta ón OPT don choiste monatóireachta		

### 3.2 Polasaí Sonrach Gaeilge

<b>Réimse:</b>	<b>3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>8,9,10</b>
<b>Eolas breise</b>	Moltar go gcuirfí polasaí sonrach Gaeilge i bhfeidhm i ngach eagrais atá ag déileáil go díreach le daoine óga. Ar na heagrais sin tá Cumann Peile Naomh Pádraig, Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh agus na cumainn eile spóirt agus sóisialta atá san LPT		
<b>Aidhm</b>	Timpeallacht shóisialta lán-Ghaeilge a chothú d'óige an LPT		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Cumann Peile Naomh Pádraig; Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh; Ógras; Foróige; Muintearas; Tuismitheoirí na Gaeltachta		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Aontaigh polasaí sonrach Gaeilge le gach cumann Ceap Oifigeach Gaeilge i ngach cumann <b>Bliain 2-7:</b> Déan athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Costas clúdaithe i mBeart 3.1		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	Costas clúdaithe i mBeart 3.1	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Costas clúdaithe i mBeart 3.1
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Timpeallacht Ghaelach a chruthú d'óige an LPT ina mbeidh an Ghaeilge mar pháirt lárnach dá saol sóisialta		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Polasaí sonrach Gaeilge a bheith ag gach cumann		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe rialta ag an OPT le cumainn Tuairiscí rialta ón OPT don choiste monatóireachta		

### 3.3 Na hEalaíona Béil

<b>Réimse:</b>	<b>3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>8,9,10</b>
<b>Eolas breise</b>	Scéim oiliúna a thionscnamh le bonn a chur in athuair faoi na healaíona béil		
<b>Aidhm</b>	Saibhreas cainte a chinntiú ar bhealach siamsúil chomh maith leis an gceardaíocht a bhaineann leis na healaíona béil ar nós drámaíocht, filíocht phobail, agallaimh beirte agus lúibíní a choinneáil beo. Ba chóir ábhar áitiúil a bhailiú agus a fhoilsiú le go mbeadh sé ar fáil do na glúine amach anseo. Moltar na cumainn drámaíochta áitiúla a chur ar bhonn láidir, féilte drámaíochta agus ealaíne béil eile a reáchtáil agus cúrsaí oiliúna agus ceardlanna sna healaíona béil a reáchtáil		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Ealaín na Gaeltachta <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Aisteoirí Chorr na Móna; Aisteoirí Thuar Mhic Éadaigh; Ógras; Óg-Ógras; Tuismitheoirí na Gaeltachta		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Ullmhaigh plean agus cinntigh maoiniú <b>Bliain 2:</b> CDS le plean a chur i bhfeidhm <b>Bliain 2-7:</b> Déan athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€21,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€2000 go bliantúil i gcomhair ranganna €1000 go bliantúil i gcomhair duaiseanna	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Ealaín na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Saibhreas cainte a chinntiú i measc daoine óga agus féinmhuinín a chothú san óige agus ina gcumas Gaeilge		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Scéim a bhunú agus a mhaoiniú		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Cruinnithe rialta ag an OPT le Ealaín na Gaeltachta Tuairiscí rialta ón OPT don choiste monatóireachta		

### 3.4 Tuismitheoirí agus Páistí

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag tuismitheoirí óga ar bheagán Gaeilge, agus a gcuid páistí, teacht le chéile go rialta i dtimpeallacht ina mbeadh deis acu ar chomhrá simplí i nGaeilge a chleachtadh in ionaid atá feiliúnach. <b>Chuirfí an teanga i láthair ar bhealach simplí taitneamhach tarraingteach.</b> Moltar go gcuirfí pacáistí eolais maidir le tógáil clann le Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí sula dtugann siad páistí ar an saol.		
Aidhm	Sóisialú trí Ghaeilge a chothú i measc tuismitheoirí óga agus a gcuid páistí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/CCTF <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Tuismitheoirí; Naíonraí; Bunscoileanna		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Tógáil ar na hiarrachtaí atá ar bun faoi láthair <b>Bliain 2-7:</b> Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000	Foinsí Maoinithe	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	<b>Timpeallacht Ghaelach a chruthú do thuismitheoirí óga ina mbeidh an Ghaeilge mar pháirt lárnach dá saol laethúil</b>		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Eagrú a dhéanamh ar theacht le chéile, ciorcail comhrá, oícheanta sóisialta agus imeachtaí eile sóisialta		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe rialta ag an OPT grúpaí tuismitheoirí Tuairiscí rialta ón OPT don choiste monatóireachta		

## 4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

---

Tá Ionad Oideachais Cheapach na gCapall (Petersburg) suite i gceantar álainn idir loch agus sliabh i nDúiche Sheoigheach. Áis oideachais faoi stiúir Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin é Ionad Cheapach na gCapall. Tá *“gníomhaíochtaí eachtraíochta ó bhruach locha go barr sléibhe”* ar fáil san ionad. Tá clár leathan imeachtaí ar fáil san ionad do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Osclaíodh Ionad Oideachais Cheapach na gCapall i 1988 agus cuirtear lóistín ar fáil san ionad dóibh siúd a ghlacann páirt i gcúrsaí san ionad.

Tá clár imeachtaí ar fáil san ionad do

- Páistí agus déagóirí
- Scoileanna
- Clubanna agus grúpaí óige
- Gasraí
- Grúpaí pobail eile

Cuirtear an t-ionad ar fáil freisin do chumainn spóirt, grúpaí corparáideacha, mic léinn, lucht siúl sléibhe, grúpaí staidéir agus grúpaí timpeallachta.

San LPT freisin, eagraíonn CDS agus CCTFTMÉ ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus do pháistí. Tá sé tábhachtach go gcuirfí deiseanna oiliúna trí Ghaeilge ar fáil do chinnirí clubanna óige agus cinnirí cumainn eile san LPT lena chinntiú go mbeadh na clubanna agus na cumainn á reáchtáil trí Ghaeilge mar aon le cúrsaí oiliúna eile trí Ghaeilge ar ábhair éagsúla.

### Dúshlán

Cuirtear cúrsaí trí Ghaeilge ar fáil do rannpháirtithe in Ionad Oideachais Cheapach na gCapall. D’fhéadfadh an pobal úsáid níos leithne a bhaint as an ionad trí chúrsaí agus imeachtaí a eagrú trí Ghaeilge i gcomhar leis an ionad.

# Beartha do Dheiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais

Ag tógáil san áireamh an tábhacht a bhaineann le breisoideachas agus imeachtaí a bhfuil luach oideachais ag baint leo, tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfí san áireamh go bhfuil saibhreas teanga ar leith agus **canúint eisiach** Gaeilge ag pobal an LPT.

## 4.1 Painéal Saineolaithe agus Teagascóirí Gaeilge agus Canúna

<b>Réimse:</b>	4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	3,11
<b>Eolas breise</b>	Cuirfear le chéile painéal teagascóirí, atá inniúil ar a gcuid saineolais a roinnt trí Ghaeilge sna canúintí éagsúla. Bheadh baill an phainéil seo ar fáil le freastal ar riachtanais aosoideachais ar fud na Gaeltachta ar fad. Moltar go leanfaí agus go méadófaí an líon ranganna Gaeilge atá ar fáil do thuismitheoirí óga nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Bheadh béim ar chomhrá leis an bpáiste óg agus ar fhoclóireacht a bhaineann leis an bpáiste.		
<b>Aidhm</b>	Seirbhísí iomlán don óige a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Údarás na Gaeltachta		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Straitéis a aontú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin <b>Bliain 2:</b> Painéal oiliúnóirí agus teagascóirí le Gaeilge a chur le chéile Cur leis an líon ranganna do thuismitheoirí óga <b>Bliain 3–7</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€28,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€4,000	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Seirbhísí oiliúna agus teagasc don óige a bheith go hiomlán trí Ghaeilge		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Straitéis a aontú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Comhoibriú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin maidir le painéal teagascóirí a chur le chéile agus córas comhairliúcháin a chur i bhfeidhm a bheadh oiriúnach d'oiliúint agus eachtraíocht Cruinnithe rialta ag an gCoiste Pleanála Teanga leis an mBord Oideachais agus Oiliúna/Breacadh/Ionad Foghlama Chasla Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

## 4.2 Cúrsa Cinnreachta don Óige

Réimse:	4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	3,11
Eolas breise	I gcomhar le 4.1 bheadh sé inmholta go gcuirfí cúrsa trí Ghaeilge ar fáil do chinnirí clubanna óige agus cinnirí cumainn eile san LPT lena chinntiú go mbeadh na clubanna agus cumainn á réachtáil trí Ghaeilge		
Aidhm	Cinnirí cumainn le Gaeilge líofa a bheith ar fáil san LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Muintearas <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Údarás na Gaeltachta; Cumainn óige		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Taighde a dhéanamh ar easnaimh sna cumainn i leith na Gaeilge <b>Bliain 2:</b> Painéal de chinnirí óga le Gaeilge a chur le chéile <b>Bliain 3–7</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	San áireamh i mBeart 4.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	San áireamh i mBeart 4.1	Foinsí Maoinithe	San áireamh i mBeart 4.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí sóisialta don óige a bheith go hiomlán trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Polasaí sonracha Gaeilge a bheith i bhfeidhm i ngach ógclub agus cumann		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plean oibre agus scéim oiliúna a aontú le Muintearas Comhoibriú leis na clubanna agus cumainn óige ar fad san LPT An oiliúint a bheith taitneamhach agus ábhartha don óige		

## 4.3 Ionad Oideachais Cheapach na gCapall

Réimse:	4. Deiseanna Foghlama Taobh amuigh den Chóras Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	3,11
Eolas breise	Bheadh sé inmholta cúrsaí i nGaeilge do dhaoine óga ón LPT go sonracha a eagrú san ionad. Bheadh an teagasc agus an chinnireacht ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Bheadh an teanga á sealbhú i dtimpeallacht spraoi agus sóisialta.		
Aidhm	Sóisialú na Gaeilge a chur chun cinn tríd an spórt		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Clubanna óige an LPT		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Sraith cúrsaí agus imeachtaí a aontú le hIonad Cheapach na gCapall <b>Bliain 2:</b> Cúrsaí deireadh seachtaine agus le linn saoire scoile a bhunú <b>Bliain 3–7</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€35,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	Foinsí Maoinithe	CDS/BOOGR/ Tuismitheoirí
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí oiliúna agus teagasc go hiomlán trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Aontú a fháil le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cúrsaí agus imeachtaí a eagrú agus poiblíocht leathan a thabhairt dóibh Athbhreithniú rialta ar dhul chin cinn		




## 5. An Earnáil Ghnó

Thug bunú an chomhlachta cniotála léas dóchais do cheantar Thuar Mhic Éadaigh sna 1950idí. Ba bheag fostaíochta a bhí sa gceantar an tráth sin. Ní hamháin gur cuireadh fostaíocht ar fáil do dhaoine áitiúla ach tharraing sé daoine ó phobail Ghaeltachta eile go Thuar Mhic Éadaigh. As an gcomhlacht sin tháinig lánúineacha nua, tógadh tithe agus bunaíodh cumann peile. **Ní bréag a rá gur bh é Cniotáil Ghaeltarra a chur tús le forbairt nua- aimseartha Thuar Mhic Éadaigh.**


I nDúiche Sheoigheach, bunaíodh Comharchumann Dhúiche Sheoigheach i 1973 agus ba é bunú CDS, i gcomhar le coistí forbartha pobail áitiúla a chuir dlús le forbairt thionsclaíoch sa gceantar. As forbairtí an chomharchumainn d'fhás gnóthaí eile agus astu sin d'fhás gnóthaí eile fós.

Tá 257 duine fostaíthe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta san LPT.

**Próifíl fostaíochta i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta i LPT Dúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh<sup>13</sup>.**



Foinse: Údarás na Gaeltachta



Foinse: Údarás na Gaeltachta

Tá eastát tionsclaíochta de chuid Údarás na Gaeltachta i gCorr na Móna, ach is beag fostaíochta atá ar fáil san eastát ag an bpointe seo. Tá **eastát tionsclaíochta** de chuid Údarás na Gaeltachta i dThuar Mhic Éadaigh. Cruthaíonn tionscal na turasoireachta fostaíocht ar fud an LPT agus déanann sráidbhaile na Fairche freastal láidir ar an turasoireacht. Tá roinnt eile miontionscal san LPT chomh maith ach **tá cruthúnas ann go dtaistealaíonn cuid mhaith den phobal go dtí ionaid oibre taobh amuigh den LPT go laethúil.**

13 Tá an t-eolas seo bunaithe ar thorthaí suirbhé fostaíochta Údarás na Gaeltachta 2016.

Daonra 15 bliain agus os a chionn de réir phríomhstádas eacnamaíochta	Fireann	Baineann	Iomlán
Ag obair	767	573	1,340
Ar thóir post rialta den chéad uair	8	8	16
Dífhostaithe	72	54	126
Mac léinn	99	187	286
Ag freastal ar an teaghlach/clann	32	229	261
Ar scor	282	242	524
As obair de bharr tinnis/míchumais	51	44	95
Eile	3	6	9
<b>Iomlán</b>	<b>1,314</b>	<b>1,343</b>	<b>2,657</b>

Foinsne: Daonáireamh 2016

### Dúshlán

Ó tharla an LPT a bheith lonnaithe laistigh d'achar gairid taistil ó roinnt lárionaid oibre - Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh, Baile an Róba agus fiú cathair na Gaillimhe, ní fadhb mór sa gceantar cúrsaí fostaíochta. Tháinig moltaí chun cinn go ndéanfaí iarracht go gcuirfí postanna ar fáil san LPT do dhaoine óga áitiúla a bhfuil ardcháilíochtaí acu. Tá cruthúnas againn freisin go bhfuil roinnt áirithe den phobal i mbun feirmeoireachta, go háirithe feirmeoireacht caorach, agus iad freisin i mbun fostaíocht pháirtaimseartha.

## 5. Beartha don Earnáil Ghnó

Mar a léiríonn na figiúirí fostaíochta i nDaonáireamh 2016, níl fadhb mhór dífhostaíochta san LPT. Mar sin féin is dúshlán é a laghad fostaíochta atá ar fáil trí Ghaeilge agus a laghad béime a leagtar in ionaid fostaíochta ar an nGaeilge.

### 5.1 Lucht Gnó agus an Ghaeilge

<b>Réimse:</b>	<b>1. An Earnáil Ghnó</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>13,14</b>
<b>Eolas breise</b>	Tá sé tábhachtach go gcuirfí ar na súile don lucht gnó, go háirithe iad siúd atá ag déileáil leis an bpobal ar bhonn rialta, go bhfuil an Ghaeilge ríthábhachtach don LPT mar fhoinsé ioncaim. Moltar go mbeadh fógraíocht láidir taitneamhach i ngach gnó a úsáideann an pobal ag tabhairt le fios go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge. Moltar feachtas fógraíochta poiblí a thabharfadh le fios gur ionann tacú leis an nGaeilge agus tacú le fostaíocht agus breis teacht isteach san LPT. Moltar fógraíocht a chur in airde in áiteanna poiblí a léiríonn gur ionann tacú leis an teanga agus tacú le fostaíocht san LPT. Moltar freisin fógraí beaga do ghluasteáin		
<b>Aidhm</b>	Tuiscint a thabhairt do lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge mar dheis saothraithe. An Ghaeilge a cheangal le saothrú agus le fostaíocht		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Gnólachtaí an LPT, Údarás na Gaeltachta, RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Feachtas eolais agus bolscaireachta a aontú le lucht gnó <b>Bliain 2–7:</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€15,000 (€5k bliain 1, €5k bliain 3 agus €5k bliain 5)		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€2,143	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Tuiscint a chothú i measc lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge mar dheis saothraithe agus fostaíochta. Go dtuigfí gur féidir do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge san LPT agus go bhfuiltear ag cur le saothrú agus le fostaíocht dhá bharr		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Feachtas eolais agus bolscaireachta i gcomhar le lucht gnó		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Scéim feasachta agus tacaíochta a chur le chéile le tábhacht na teanga, go háirithe mar dheis ioncaim, a chur ar a súile do lucht gnó. Fógraí agus eolas i nGaeilge a chur ar fáil sna hionaid ghnó Cruinnithe ag an OPT le lucht gnó go rialta Aiseolas do lucht gnó ar a bhfuil ag tarlú		

## 5.2 Comórtas Eadarghnónna

Réimse:	1. An Earnáil Ghnó	Critéar Pleanála Teanga
Eolas breise	Moltar go n-eagrófaí comórtas bliantúil bunaithe ar úsáid na Gaeilge i ngnónna agus seirbhísí áitiúla agus go dtabharfaí poiblíocht do na buaiteoirí. Bheadh an comórtas bunaithe ar labhairt na Gaeilge i measc na foirne, fógraíocht agus gnéithe eile a chuirfeadh úsáid na teanga chun cinn sa ngnó.	
Aidhm	An Ghaeilge a cheangal le gairmiúlacht	
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Gnólachtaí an LPT <b>Páirtithe Leasmhara:</b> RCOG, Údarás na Gaeltachta	
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Comórtais agus ranna éagsúla a aontú le seirbhísí gnó. Urraíocht a chinntiú. <b>Bliain 2:</b> Tús le comórtais <b>Bliain 3–7</b> Athbhreithniú rialta	
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 5.1	
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 5.1	<b>Foinsí Maoinithe</b> Costas san áireamh i mBeart 5.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Bród a chruthú i measc lucht gnó, go háirithe lucht seirbhísí, as úsáid na teanga go laethúil	
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Aontú ar ranna éagsúla comórtais agus urraíocht a aimsiú	
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An comórtas le heagrú le linn Sheachtain na Gaeilge Athbhreithniú iomlán ar an bhfeachtas ag deireadh bhliain 3	

## 6. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumann

Is é CDS Teo. an phríomheagraíocht forbartha pobail san LPT. Is é CDS Teo. an cheanneagraíocht atá freagrach as an bpleanáil teanga san LPT. Reáchtálann sé iliomad imeachtaí sóisialta agus cultúrtha agus féilte mar aon le scéimeanna fostaíochta pobail agus scéimeanna eile. Tríd an gcomharchumann a eagraítear cúrsaí oiliúna agus deiseanna eolais don phobal.

Eagraíonn CCTFTMÉ imeachtaí go leor sa bpobal agus tugann sé tacaíocht d'eagrais eile agus d'imeachtaí eile sa bpobal i ngach réimse ón óige go dtí an aosach.

Is mór an obair atá déanta leis na blianta ag coistí forbartha pobail, cumainn shóisialta agus ag an gCumann Lúthchleas Gael san LPT. Sna blianta atá imithe, sular bunaíodh eagrais forbartha pobail mar atá aithne againn anois orthu, bhí Coiste Forbartha Chorr na Móna agus Coiste Forbartha Thuar Mhic Éadaigh chun cinn i bhforbairt an cheantair. As na coistí forbartha sin d'fás coistí, cumainn agus eagrais eile a bhí, agus atá fós, lárnach i bhforbairt an LPT. Tógadh ionaid pobail, hallaí agus áiseanna eile. Rinneadh

forbairt ar pháirceanna imeartha, páirceanna spraoi agus deiseanna eile sóisialaithe don óg agus don aosach. Cuireadh le heacamaíocht an cheantair trí fhorbairt a dhéanamh ar choláistí Gaeilge agus cúrsaí turasóireachta. Tá formhór na gcoistí agus na n-eagrais seo gníomhach ar fud an LPT go dtí an lá atá inniu ann.

### Dúshlán

Is dúshlán mór ar obair CDS agus Choiste Cultúir, Teanga agus Forbartha Thuar Mhic Éadaigh **an brú mór ón mBéarla san LPT**. Tá easpa mór seirbhísí Stáit i nGaeilge - go deimhin, tá easpa mór seirbhísí Stáit go ginearálta sa gceantar. **Níl seirbhís shásúil leathanbhanda le fáil i gceantar Dhúiche Sheoigheach agus tá an glacadh ar sheirbhís fón póca an-lag i dTuar Mhic Éadaigh**. Toisc lárionad CDS a bheith lonnaithe i gceantar iargúlta, níl sé éasca lucht gnó a mhealladh chun an spás oifige agus an spás gnó atá ag CDS a thógáil ar léas. Dúshlán mór eile é an laghdú atá tagtha le blianta anuas ar dheontais reáchtála na gcomharchumann agus na n-eagrais pobalbhunaithe.

# Bearta d'Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

Le go mairfidh an dea-obair atá déanta agus á déanamh ag na heagraíochtaí pobail san LPT, ní foláir a chinntiú go mbeidh maoiniú dóthanach agus tacaíocht láidir leanúnach ar fáil.

## 6.1 Maoiniú

<b>Réimse:</b>	<b>6. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>1,15,19</b>
<b>Eolas breise</b>	Go gcinnteofaí córas maoinithe do CDS agus CCTFTMÉ le go mbeadh ar a gcumas dualgais na n-eagraíochtaí sin a chomhlíonadh, idir sheirbhísí forbartha, sheirbhísí pobail agus sheirbhísí pleanála teanga.		
<b>Aidhm</b>	Go mbeadh sé ar chumas an dá eagraíocht a ndualgais a chomhlíonadh		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/ CCTFTMÉ <b>Páirtithe Leasmhara:</b> ÚnaG, RCOG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Córas maoinithe a aontú le hÚdarás na Gaeltachta, RCOG <b>Bliain 2-7:</b> Spriocanna bliantúla a aontú agus a chinntiú		
<b>Costas measta iomlán:</b>	Tá seo san áireamh sa gcóras deontais reáchtála do chomharchumainn agus d'eagrais phobail faoi scáth Údarás na Gaeltachta		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	Tá seo san áireamh sa gcóras deontais reáchtála do chomharchumainn agus d'eagrais phobail faoi scáth Údarás na Gaeltachta	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Tá seo san áireamh sa gcóras deontais reáchtála do chomharchumainn agus d'eagrais phobail faoi scáth Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Córas maoinithe fadtéarmach a aontú agus spriocanna réasúnta a leagan síos		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Maoiniú do na spriocanna a chinntiú		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Struchtúr maoinithe idir CDS agus CCTFTMÉ a aontú le hÚdarás na Gaeltachta, an RCOG Cruinnithe rialta lena chinntiú go bhfuil na spriocanna á gcomhlíonadh ag gach páirtí		

## 6.2 Infreastruchtúr Leathanbhanda agus Teileafóin

<b>Réimse:</b>	<b>6. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>1,15,19</b>
<b>Eolas breise</b>	Go gcuirfí leis an t-infreastruchtúr leathanbhanda agus teileafóin ionas go mbeadh sé ar chaighdeán náisiúnta		
<b>Aidhm</b>	Seirbhís oiriúnach don phobal gnó agus don ghnáthphobal a bheith ar fáil ar fud an LPT		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> CCTFTMÉ, Eircom, Údarás na Gaeltachta, polaiteoirí áitiúla		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Feachtas leis na bunseirbhísí a chur ar fáil <b>Bliain 2-7:</b> Leanúint den fheachtas le barrfeabhas a chur ar sheirbhísí agus a chinntiú go mbainfí amach an sprioc		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€1400 Costas postais agus taistil chuig cruinnithe		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€200	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Brú a chur ar na seirbhísí cuí agus feachtas stocaireachta a eagrú go háitiúil agus go náisiúnta		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Na heaspaí sa gcóras infreastruchtúir a aithint agus feachtas céimnithe lena gcur ina gceart a eagrú		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Plean a aontú idir CDS agus CCTFTMÉ agus feachtas gnímh agus stocaireachta a eagrú Miontuairiscí a choinneáil ar gach cruinniú/feachtas		

## 7. Na Meáin Chumarsáide

---

Maireann muid i ré na meán, an t-iliomad meán. Ní hionann i gcónaí meáin a bheith ansin agus na meáin chéanna sin a bheith ag freastal ar an bpobal. Tá seo fíor go speisialta faoi phobail bheaga scoite. Níor mhiste iarracht a dhéanamh éileamh ar na príomhmheáin Ghaeilge a bheith níos flaithúla ina bhfreastal ar an LPT. Níor mhiste freisin do na meáin Bhéarla, le cúnamh ó eagrais sa bpobal, freastal rialta i nGaeilge nó go dátheangach, a dhéanamh ar an LPT.

### Dúshlán

Ní nós leis an óige éisteacht le ná féachaint ar chláir nach mbaineann leo go sonrach. Seachas cláracha ceoil deireanach san oíche, níl mórán craoltaí ar spéis leis an óige iad ar RnaG agus, seachas cláracha do pháistí óga, níl mórán ábhar féachana do dhéagóirí ar TG4. Níor mhiste bealaí a aimsiú le go mbeadh daoine óga ag teagmháil leis na meáin sin. Bheadh sé inmholta go neagródh na príomhmheáin Ghaeilge ceardlanna i gcomhar le meánscoileanna agus clubanna óige an cheantair leis an óige a chur in aithne do na meáin agus caidreamh maith a chothú eatarthu.



# Bearta do na Meáin Chumarsáide

Is iomaí bealach ag na meáin le freastal ar an bpobal. Déantar dearmad go minic ar phobail bheaga nach dtarlaíonn mórán nuachta iontu, ach ní ceart dearmad gur minic na pobail chéanna seo lán de shaibhreas teanga agus de shaibhreas cultúrtha.

Tá an LPT seo saibhir le hábhar.

## 7.1 Comórtas d'Éisteoirí Óga

Réimse:	1. Na Meáin Chumarsáide	Critéar Pleanála Teanga	16
Eolas breise	Is deis iontach le feabhas a chur ar Ghaeilge labhartha dhaoine óga éisteacht le <b>RTÉ Raidió na Gaeltachta agus breathnú ar chláracha TG4</b> . Moltar comórtas a réachtáil sna scoileanna áitiúla bunaithe ar léirmheas a dhéanamh ar shraith cláracha nó craoltaí eile. <b>Bheadh duaiseanna ar fáil don léirmheas raidió agus don léirmheas teilifíse is fearr</b> . Spreagadh a bheadh ann a bheith ag éisteacht agus ag breathnú ar chláracha Gaeilge. Dhéanfaidh RnaG agus TG4 urraíocht ar na comórtais		
Aidhm	Méadú a chur le líon daoine óga atá ag éisteacht agus ag breathnú ar na meáin Ghaeilge go rialta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Scoileanna an LPT, TG4, RnaG		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> CDS le comórtas a eagrú leis na scoileanna <b>Bliain 2-7:</b> Comórtais bhliantúla a eagrú agus poiblíocht do rannpháirtithe		
Costas measta iomlán:	€21,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€3,000 i nduaiseanna	<b>Foinsí Maoinithe</b>	RnaG agus TG4
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Comórtais a eagrú sna scoileanna agus urraíocht a aimsiú		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Comórtais a eagrú sna scoileanna agus urraíocht a aimsiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CDS leis na comórtais a eagrú i gcomhar leis na scoileanna. Poiblíocht a chinntiú do bhuaiteoirí agus urraithe		

## 7.2 Craoltaí Rialta ón LPT

<b>Réimse:</b>	<b>1. Na Meáin Chumarsáide</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>16</b>
<b>Eolas breise</b>	Moltar go n-aontódh CDS go ndéanfaí craoltaí ar mhórcáidí san LPT i.e. Ceol na Locha agus Féile Mhichael Luke Pháidín.		
<b>Aidhm</b>	Ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas teanga agus cultúir an LPT		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Féilte agus imeachtaí san LPT, TG4, RnaG		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Dialann imeachtaí le craoladh a aontú le RnaG/TG4 <b>Bliain 2-7:</b> Dhá imeacht ar a laghad a chraoladh ón LPT chuile bhliain		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€1,000 do phoiblíocht agus fógraíocht	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Deiseanna craoltóireachta a aimsiú agus a eagrú		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Aontú leis na meáin RnaG agus TG4 craoladh ón LPT		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Aontú a fháil i scríbhinn le TG4 agus RnaG. Dátaí craoltaí a bheith aontaithe roimh ré.		

## 8. Seirbhísí Poiblí

Tá raon leathan seirbhísí poiblí ar fáil san LPT, ach tá na seirbhísí sin roinnte idir dhá chomhairle contae, dhá cheanncheathrú den Gharda Síochána, trí pharóiste eaglasta, dhá bhord oideachais agus dhá eagraíocht forbartha pobail áitiúil.

### Comhairlí Contae

Tá LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh roinnte idir dhá chontae - Co. na Gaillimhe agus Co. Mhaigh Eo. Tagann Plean Gaeltachta ina bhfuil Dúiche Sheoigheach luaite faoi Chomhairle Contae na Gaillimhe. Níl a leithéid de phlean ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá Dúiche Sheoigheach luaite go sonrach i bPlean Forbartha Chomhairle Contae na Gaillimhe. Níl Tuar Mhic Éadaigh luaite go sonrach i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo.

### An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ó bunaíodh Roinn na Gaeltachta sa mbliain 1956, tá lorg láidir fágtha ag obair na Roinne ar shaol agus ar dhreach na Gaeltachta. Faoi scéim dheontas tithíochta na Roinne, cuireadh feabhas as cuimse ar chaighdeán tithíochta na Gaeltachta agus, dá réir, ar shaol maireachtála an phobail. Ba mhór an t-ábhar misnigh Scéim Labhairt na Gaeilge leis an teanga a choinneáil beo agus, go dtí an lá atá inniu ann, tá Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge nó scéim na gcoláistí samhraidh ar cheann de na scéimeanna is tairbhí maidir le tacaíocht don teanga laistigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil le háiseanna spóirt, sóisialta agus pobail. Leis an lagtrá eacnamaíochta, tá cúlú tagtha ar chaiteachas na Roinne. Tá infheistíocht na Roinne níos tábhachtaí ná riamh de bharr an bhrú shíoraí atá ar an nGaeilge. De réir na **Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**

*“Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Combhionannais agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a chaomhnú agus a threisiú sa Ghaeltacht”.*

### Údarás na Gaeltachta

*Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.*

Foinse: Údarás na Gaeltachta

Tá éifeacht ollmhór ag an tslí mhaireachtála nua ar iompar teanga. Deir Proinnsias Breathnach san iris *Comhar* i 1984 *“Ní raibh aon pháirt ag an tionsclaíocht sa traidisiún cultúrtha inar fhás an Ghaeilge: dá bhrí sin, ní foláir nó go dtagann an tionsclaíocht salach ar an gcultúr a thugann bonn agus cóthéacs don Ghaeilge”* (An Pobal Áitiúil, an Stát agus Forbairt na Gaeltachta: *Comhar* 1984). San LPT áirithe seo, tá cúrsaí fostaíochta sláintiúil go maith **cé go bhfuil amhras láidir faoin mbéim a chuirtear ar an nGaeilge sna cliantchomhlachtaí.**

### Seirbhísí Sláinte agus Leighis

Níl teacht ar sheirbhís trí Ghaeilge ó aon cheann de sheirbhís sláinte agus leighis Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san LPT. Níl seirbhís dochtúra teaghlaigh, ná seirbhísí altrachta poiblí, ar fáil i nGaeilge ná níl na seirbhísí seachtracha eile a chuireann an Fheidhmeannacht ar fáil, ar fáil i nGaeilge.

### Cúrsaí Eaglasta

Tá trí pharóiste mar chuid den LPT. I nDúiche Sheoigheach tá Paróiste an Rosa (An Fhairche agus Corr na Móna), Paróiste Chill Bhríde (An Líonán, Fionnaithe, Cill Mhaolacháin, Béal Átha na mBreac). I gceantar Thuar Mhic Éadaigh tá Paróiste Pharraí agus Bhaile Óbha. Go dátheangach a dhéantar ceiliúradh ar na haifrinn i dTuar Mhic Éadaigh agus i bhFionnaithe. I gCorr na Móna, bíonn an t-aifreann den chuid is mó i nGaeilge agus is trí Ghaeilge a dhéanann Coiste Liotúirge Chorr na Móna a chuid oibre sa bparóiste.

### An Garda Síochána

Tá stáisiún Gardaí ar an Mám a dhéanann freastal ar cheantar Dhúiche Sheoigheach. Tá seirbhís i nGaeilge ar fáil sa stáisiún. Stáisiún Pharraí a dhéanann freastal ar Ghaeltacht Thuar Mhic Éadaigh. Níl seirbhís trí Ghaeilge ar fáil do cheantar Thuar Mhic Éadaigh ón stáisiún sin.

### Dúshlán

An dúshlán is mó atá ag an LPT ó thaobh na Gaeilge agus seirbhísí poiblí ná a laghad de na seirbhísí poiblí a chuireann an Stát ar fáil trí Ghaeilge. Tá iarrachtaí déanta sa bpobal seirbhísí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a bheith ar fáil trí Ghaeilge, ach níl toradh sásúil ar na hiarrachtaí sin.

# Bearta do Sheirbhísí Poiblí

Tá sé tábhachtach go nglacfaidh gach géag den Státchóras go dáiríre leis na freagrachtaí atá air i leith na Gaeilge. Gan comhoibriú iomlán ón Státchóras, is deacair a fheiceáil go n-éireoidh leis an gceanneagraíocht an plean teanga seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach san LPT.

## 8.1 Comhairle Contae na Gaillimhe

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá Dúiche Sheoigheach luaite go sonrach i bPlean Forbartha Chomhairle Contae na Gaillimhe. Moltar comhoibriú a lorg ó Chomhairle Contae na Gaillimhe le comharthaíocht i nGaeilge a bheith níos soiléire i nDúiche Sheoigheach		
Aidhm	Spriocanna na Comhairle Contae maidir leis an nGaeilge a chur i gcrích		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhairle Contae na Gaillimhe <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1-2:</b> Plean agus polasaí i leith comharthaíocht i nGaeilge a aontú Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€3,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 Costas cruinnithe	Foinsí Maoinithe	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán na Comhairle Contae a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cloí le spriocanna na Comhairle Contae		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	A chur ina luí ar an gComhairle Contae go bhfuil plean Gaeltachta acu. Spriocanna bliantúla a aontú leis an gComhairle Contae		

## 8.2 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach dul i bhfeidhm ar an FSS ar mhaithe le go dtuigfeadh an t-eagras sin a thábhachtaí atá sé go gcuirfí seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do phobal an cheantair. Is fiú iarracht aontaithe, le LPTanna eile san iarthar, a dhéanamh le dul i bhfeidhm ar an FSS.		
Aidhm	Gach seirbhís sláinte san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, RCOG, Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Plean a aontú leis an FSS maidir le freastal trí Ghaeilge <b>Bliain 2-4:</b> An phlean a fheidhmiú <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€700 costas taistil chuig cruinnithe		
Costas measta in aghaidh na bliana	€100	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gach seirbhís sláinte poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Athrú meoin a chur i bhfeidhm san FSS agus plean gníomh a fheidhmiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	A ndualgas reachtúil a chur ina luí ar an FSS Cruinnithe rialta ag CPT le FSS		

## 8.3 An Garda Síochána

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm an polasaí baill den Gharda Síochána le Gaeilge a lonnú i gceantair Ghaeltachta. Moltar go mbeadh polasaí earcaíochta ag an nGarda Síochána le Gardaí de bhunadh na Gaeltachta nó le Gaeilge líofa a earcú ar mhaithe lena lonnú i gceantair Ghaeltachta. Moltar gur Gardaí de bhunadh na Gaeltachta nó le Gaeilge líofa a lonnófaí i gceantair Ghaeltachta		
Aidhm	Seirbhís trí Ghaeilge a bheith ar fáil ón nGarda Síochána		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS /An Garda Síochána <b>Páirtithe Leasmhara:</b> An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Choimisinéara Teanga		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Cinneadh a ghlacadh maidir le hearcaíocht agus lonnú Gardaí <b>Bliain 2:</b> Cinneadh a chur i bhfeidhm <b>Bliain 3-7:</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	<b>Foinsí Maoinithe</b>	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí an Gharda Síochána a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Gardaí le Gaeilge a bheith lonnaithe sa nGaeltacht		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Caidreamh ag CDS leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais /An Garda Síochána Cruinnithe rialta ag CDS leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais /An Garda Síochána Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

## 8.4 Cúrsaí Eaglasta

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar go n-aontófaí polasaí sonracha teanga le hArdeaspag agus Ard-Deoise Thuama lena chinntiú go mbeadh freastal trí Ghaeilge ar fáil ag pobal an LPT i gcónaí. Moltar go gcinnteofaí seirbhís eaglasta trí Ghaeilge a aontú le gach pobal/paróiste ar leith		
Aidhm	Seirbhís eaglasta trí Ghaeilge a bheith ar fáil ag pobal an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Ardeaspag agus Ard-Deoise Thuama; Sagairt Paróiste; Coistí Tréadach; Pobal an LPT		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Aontú go mbeadh seirbhís aifrinn trí Ghaeilge i ngach séipéal <b>Bliain 1–7:</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€350 Costas páipéarachais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€50	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhís rialta eaglasta a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Aontú le hArdeaspag agus Ard-Deoise Thuama		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú ar straitéis fadtéarmach leis an Ard-Deoise Cruinnithe rialta ag CDS leis na sagairt paróiste		

## 9. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

Is í Comhairle Contae na Gaillimhe atá freagrach as cúrsaí pleanála fisiciúla sa gcuid sin den LPT atá i gCo. na Gaillimhe .i. Dúiche Sheoigheach. Tá sé mar aidhm straitéiseach sa bPlean Forbartha Contae “*An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint*”. Deirtear sa bplean go dtugann an Chomhairle Contae tacaíocht d’Údarás na Gaeltachta atá ag comhlíonadh a ról mar Ghníomhaireacht Forbartha an réigiúin seo.

Tá imlíniú déanta ag an gComhairle Contae i bPlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 ar pholasaithe agus ar chuspóirí a dhéanann cosaint agus a spreagann oidhreacht shóisialta, chultúir agus teanga na Gaeltachta agus ag an am céanna a bhaineann leas as cumas geilleagrach agus forbartha na Gaeltachta ar bhealach cothrom agus inbhuanaitheach thar shaolré an phlean. Léirítear sa bplean go bhfuiltear ag “*tacú le agus feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (nó aon leagan a thagann ina áit nó atá nuashonraithe)*”. Beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

Mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae tá Plean Ceantair Áitiúil ullmhaithe do Dhúiche Sheoigheach. Faoin bPlean Forbartha Contae, tá ceithre bhaile ainmnithe mar bhailte nó lonnaithe beaga:

- An Fhairche
- An Mám
- Corr na Móna
- An Teach Dóite

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Contae go ndéanfaí freastal ar Dhúiche Sheoigheach ó thaobh:

- Tithíocht
- Scéim séarachais do Chorr na Móna
- Leanúint don fhorbairt ar eastáit tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta
- Forbairt ar mhuilté gaoithe
- Seirbhís leathanbhanda a fhorbairt
- Soilse poiblí a chur ar fáil ag scoileanna
- Feabhas a chur ar líonra bóithre an cheantair
- Forbairt a dhéanamh ar ionad pobail
- Ceantar Loch Coirib a fhorbairt mar áis don phobal

Tá sé mar pholasaí pleanála go n-éileofar Ráiteas Srianata Teanga i gcás aon fhorbairt a cheapfaí a dhéanfadh díobháil don Ghaeilge sa gceantar. Tá béim á chur ag an gComhairle Contae freisin ar fhógraíocht i nGaeilge a bheith sa gceantar.

Molann an Chomhairle Contae go dtacófaí le seirbhís trí Ghaeilge a bheith ar fáil in oifigí na Comhairle Contae agus ionaid/seirbhísí áitiúla eile.

Níl aon phlean Gaeltachta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Níl aon tagairt ar leith do Thuar Mhic Éadaigh mar cheantar Gaeltachta i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo.

Níl aon rialachán ó thaobh na Gaeilge i leith iarratais phleanála ar thithíocht ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Tá Oifigeach Gaeilge fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo atá gníomhach i gcur chun cinn na teanga i gcumainn agus eagraíochtaí ar fud an chontae. Déanann an tOifigeach Gaeilge comhordú ar imeachtaí Gaeilge le féilte agus le hócáidí turasóireachta.



# Bearta don Phleanáil agus don Fhorbairt Fhisiciúil

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na rialtais áitiúla agus an Státchóras go bhfuil dualgas reachtúil orthu a gcuid seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge sa nGaeltacht.

## 9.1 Plean do Ghaeltacht Thuar Mhic Éadaigh

<b>Réimse:</b>	<b>8. Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>3,13,15</b>
<b>Eolas breise</b>	Tá sé tábhachtach i gcontae ina bhfuil trí cheantar Gaeltachta go mbeadh plean Gaeltachta ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Tá sé tábhachtach go n-aontódh CDS i gcomhar le LPT Mhaigh Eo Thuaidh agus Mhaigh Eo Thiar Plean Teanga do Chontae Mhaigh Eo leis an gComhairle. Mar chuid den phlean sin, tá sé tábhachtach go mbeadh plean ar leith do cheantar Thuar Mhic Éadaigh		
<b>Aidhm</b>	Polasaí Gaeltachta a fhorbairt do Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus seirbhísí na Comhairle Contae san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhairle Contae Mhaigh Eo <b>Páirtithe Leasmhara:</b> LPT Mhaigh Eo Thuaidh agus LPT Mhaigh Eo Thiar; RCOG, Údarás na Gaeltachta		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Tús le comhráite le Comhairle Contae Mhaigh Eo <b>Bliain 2:</b> Plean gnímh a aontú le Co.Co <b>Bliain 3–7:</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€10,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€1,000 (€5k bliain 2 agus €5k bliain 3)	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Comhairle Contae Mhaigh Eo
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Polasaí Gaeltachta agus Gaeilge a bheith ag Comhairle Contae Mhaigh Eo		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Feidhm a bheith le polasaí Gaeltachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	CDS le comhráite a thionscnamh le Comhairle Contae Mhaigh Eo maidir le plean teanga a ullmhú don chontae. CDS le stocaireacht a dhéanamh ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta le go mbeadh plean teanga ag an gcontae. Feachtas poiblíochta a chur sa tsiúl leis an bpobal a chur ar an eolas faoin dul chun cinn.		

## 9.2 Polasaí Pleanála Chomhairle Contae na Gaillimhe

Réimse:	8. Pleanáil agus Forbairt Fhisiúil	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm an polasaí teanga maidir le Ráiteas Srianata Teanga a éileamh i gcás aon fhorbairt a cheapfaí a dhéanfadh díobháil don Ghaeilge mar theanga pobail agus go gcloífí leis an bpolasaí maidir le comharthaíocht i nGaeilge san LPT.		
Aidhm	Polasaí Gaeltachta na Comhairle Contae a chur i bhfeidhm		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhairle Contae na Gaillimhe <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Plean gnímh a aontú leis an gComhairle Contae <b>Bliain 2:</b> Plean a chur i gcrích <b>Bliain 3–7:</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Clúdaithe i mBeart 8.2		
Costas measta in aghaidh na bliana	Clúdaithe i mBeart 8.2	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Clúdaithe i mBeart 8.2
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Feidhm a bheith le polasaí Gaeltachta Chomhairle Contae na Gaillimhe		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Feidhm a bheith le polasaí Gaeltachta Chomhairle Contae na Gaillimhe		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh CDS súil ghéar ar gach forbairt fhisiúil san LPT agus cuirfear ina luí ar Chomhairle Contae na Gaillimhe Ráiteas Srianata Teanga a éileamh i gcás gach forbartha Cruinnithe rialta ag an CPT le Comhairle Contae na Gaillimhe Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

## 9.3 Fógraíocht, Pleanáil agus Forbairt Fhisiúil

Réimse:	8. Pleanáil agus Forbairt Fhisiúil	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Cinntear go mbeidh fógraí trí Ghaeilge ag léiriú ainmneacha na mbailte ar fad san LPT. Is fiú a thabhairt le fios freisin ar an bhfógraíocht gur ceantar Gaeltachta atá i gceist.		
Aidhm	Go n-aithneofar gur bailte/ceantar Gaeltachta tá i gceist		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/Comhairle Contae na Gaillimhe/Comhairle Contae Mhaigh Eo <b>Páirtithe Leasmhara:</b> RCOG, Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Bailiúchán logainmneacha áitiúla a chur le chéile <b>Bliain 2-3:</b> Fógraí na mbailte a chur in airde		
Costas measta iomlán:	€15,000 (scéim 3 bliana)		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Co.Co. na Gaillimhe; Co.Co. Mhaigh Eo
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Leagan Gaeilge de na logainmneacha a bhailiú agus fógraíocht a chur in airde		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Tabhairt faoin bplean		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Fógraíocht fheiceálach a roghnú agus a chur in airde. Gníomhú le coistí pobail agus cumainn bailte slachtmhara.		

## 10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

---

Tá cáil ar Dhúiche Sheoigheach agus ar Thuar Mhic Éadaigh as an saibhreas ceoil agus an traidisiún ealaíne béil a bhí agus atá sa gceantar. I gceantair atá scoite amach ó bhailte móra, ní mithid don phobal áitiúil saol sóisialta dá gcuid féin a chruthú agus sin a rinneadh riamh anall sna pobail seo le drámaíocht, filíocht, agallaimh beirte, seóanna árdáin agus imeachtaí eile. Ó na 1950idí ar aghaidh bunaíodh cumainn peile, rinneadh forbairt ar pháirceanna imeartha, tógadh hallaí pobail agus áiseanna eile caitheamh aimsire. Agus de bharr áilleacht an cheantair shléibhtiúil, tá soláthar caitheamh aimsire dá chuid féin cruthaithe ag an nádúr le siúl agus sléibhteoireacht, fiach agus foghlacaireacht, iascach agus bádóireacht. Tá formhór na n-imeachtaí seo eagraithe sa lá atá inniu ann.

Tá dhá chumann peile san LPT - Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh a bunaíodh i 1965 agus Cumann Naomh Pádraig, An Fhairche a bunaíodh i 1954. Eagraíodh Comórtas Peile na Gaeltachta i dThuar Mhic Éadaigh in 2017. Bhí an comórtas náisiúnta seo i nDúiche Sheoigheach sa mbliain 1980 agus arís i 1995.

Tá sé tábhachtach go gcuirfí leis an líon imeachtaí sóisialta a eagraítear trí Ghaeilge agus go n-aithneofaí imeachtaí trí Ghaeilge mar imeachtaí tarraingteacha a mbeidh fonn ar an bpobal a bheith páirteach ionntu.

Tá sé tábhachtach go ndéanfar iarracht ar leith imeachtaí trí Ghaeilge a bheith ar fáil don óige, leithéidí seónna stáitse, aisteoireacht agus cur i láthair na nealaíon béil. Moltar go dtabharfaí tacaíocht don óige le páirt a ghlacadh i gcomórtais Oireachtas na Gaeilge.

### Dúshlán

Ó thaobh na teanga de, is é an dúshlán is mó atá leis an nGaeilge ná go bhfuil ballraíocht i ngach cumann sa gceantar ó áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht. Cé go bhfuil polasaí Gaeilge ag na príomhchumainn, faigheann na cumainn sin deacracht go minic daoine a fháil atá sásta agus inniúil an Ghaeilge a úsáid agus iad i mbun cóitseála nó bainistíochta foirne. Go deimhin, seo fadhb atá ag cumainn atá i gceantair ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt níos forleithne.

# Bearta do Sheirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Tá tábhacht ar leith ag baint le cinnireacht a thabhairt don óige. Tá sé tábhachtach, mar chuid den oiliúint sa gceantar Gaeltachta seo, go mbeadh béim ar leith ar an teanga.

## 10.1 Polasaí Gaeilge

<b>Réimse:</b>	<b>10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>10,11,12</b>
<b>Eolas breise</b>	Is mór é éifeacht chinnirí na gcumann éagsúil ar nósmaireacht sóisialaithe teanga an aos óig. Ní foláir polasaí sonracha Gaeilge a bheith ag cumainn an cheantair agus ní foláir a chinntiú gur daoine le Gaeilge, agus a bhfuil meas acu ar an nGaeilge, a bheadh i bhfeighil na ndaoine óga sna cumainn. Bheadh sé inmholta spreagadh a thabhairt do dhaoine óga le duaiseanna aitheantais ar son a n-iarrachtaí an Ghaeilge a labhairt. Tá Glór na nGael, i gcomhar leis an CLG faoi Fhondúireacht Sheosaimh Mhich Dhonncha ag tairiscint tacaíochta do chumainn de chuid CLG chun plean Gaeilge a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Tá tacaíocht saíneolais agus airgid ar fáil faoin scéim		
<b>Aidhm</b>	An Ghaeilge a bheith lárnach i ngach imeacht spóirt agus sóisialta		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Cumainn spóirt agus sóisialta uile an LPT; Glór na nGael		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Polasaí sonracha teanga scríofa a aontú le gach cumann spóirt agus sóisialta <b>Bliain 2:</b> Ócáidí a eagrú maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gcomhar leis na cumainn. Duaiseanna aitheantais a thabhairt do dhaoine óga ar son iarrachtaí an Ghaeilge a labhairt <b>Bliain 3-7:</b> Athbhreithniú rialta		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€5,600		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€800 Duaiseanna, páipéarachas agus fógraíocht	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta; Glór na nGael
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Imeachtaí uile sóisialta agus caitheamh aimsire san LPT a bheith á réachtáil trí Ghaeilge nó go dátheangach		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Polasaí sonracha scríofa teanga a aontú leis na cumainn		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Is cóir don OPT freastal ar chruinnithe cinnbhliana na gcumann le tábhacht na Gaeilge a shoiléiriú. An OPT a chinntiú go bhfuil polasaithe atá aontaithe á gcur i bhfeidhm.		

## 10.2 Tacaíocht d’Imeachtaí Pobail

<b>Réimse:</b>	<b>11. Staid na Gaeilge sa Limistéar</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>2,3,14,15</b>
<b>Eolas breise</b>	Eagrófar bealaigh le tacaíocht a thabhairt d’fhéilte agus d’imeachtaí pobail trí mhaoiniú breise a aimsiú agus trí sheirbhísí tacaíochta eile i.e. poiblíocht agus margaíocht. Díreofar go sonrath ar Cheol na Locha, Féile Mhichael Luke Pháidín, féilte drámaíochta agus bealaí le tacú le daoine óga le páirt a ghlacadh in imeachtaí Oireachtas na Gaeilge agus comórtais eile.		
<b>Aidhm</b>	Aird a tharraingt ar imeachtaí cultúrtha agus traidisiúnta		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Cumainn/Eagraíochtaí /Gaelsaoire		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Aontóidh CDS scéim tacaíochta le gach eagraíocht/cumann <b>Bliain 2-7:</b> Cuirfear tacaíocht airgid, poiblíochta agus margaíochta ar fáil		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€35,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€5,000	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	Ardán a thabhairt d’imeachtaí Gaeilge agus cultúrtha		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Aontófar scéim tacaíochta le príomhfhéilte agus imeachtaí		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	CDS le polasaí sonrath teanga a dhearadh agus a aontú Tuairiscí rialta agus léirmheas do gach eagraíocht/cumann ar an dul chun cinn		

## 10.3 Suíomhanna Idirlín

<b>Réimse:</b>	<b>10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire</b>	<b>Critéar Pleanála Teanga</b>	<b>10,11,12</b>
<b>Eolas breise</b>	Tá suíomh idirlín ag an dá chumann de chuid an CLG agus tá suíomhanna idirlín ag cumainn eile san LPT. Bheadh sé inmholta go ndéanfaí breis infheistíochta ó thaobh na teanga sna suíomhanna agus go mbeadh an Ghaeilge chun cinn níos mó ar na láithreáin sin.		
<b>Aidhm</b>	An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí ar láithreáin, agus gréasáin idirlín agus meáin shóisialta		
<b>Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara</b>	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Cumann Peile Naomh Pádraig; Cumann Peile Thuar Mhic Éadaigh; Cumainn eile a bhfuil láithreáin idirlín acu		
<b>Saolré</b>	<b>Bliain 1:</b> Polasaí idirlín a aontú le cumainn <b>Bliain 2-7:</b> Athbhreithniú rialta ar na láithreáin idirlín		
<b>Costas measta iomlán:</b>	€7,000		
<b>Costas measta in aghaidh na bliana</b>	€1,000 go bliantúil a chur ar fáil d’oilúint agus cur i bhfeidhm polasaí	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
<b>Dúshlán fhéideartha agus réitigh</b>	An Ghaeilge a bheith níos lárnaí i saol na gcumann		
<b>Cén chaoi a sárófar na dúshlán?</b>	Tacaíocht a thabhairt leis an teanga a bheith níos feiceálaí		
<b>Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:</b>	Plean gnímh a aontú le cumainn Maoiniú a chur ar fáil go bliantúil do shuíomhanna idirlín bunaithe ar an méid Gaeilge atá ar an suíomh Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 2		

## 11. Staid na Gaeilge sa Limistéar

Níl aon pháirt de LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh i gCatagóir A mar atá leagtha amach sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá dhá thoghroinn i gCatagóir B. I gCatagóir C atá formhór mór den LPT.

I nDaonáireamh 2016, deir 68% den phobal go bhfuil cumas labhairt na Gaeilge acu.

Cumas labhairt na Gaeilge 3 bliana d'aois +	Líon cainteoirí
Tá	2088
Níl	958
Gan freagra	42
Iomlán	3088

Foinsé: Daonáireamh 2016

Tugann Daonáireamh 2016 le fios dúinn gur laistigh den chóras oideachais is mó atá an teanga á labhairt acu siúd (25%) a bhfuil cumas labhairt na Gaeilge acu.

### Cumas labhairt na Gaeilge 3 bliana+ Minicíocht labhairt Ghaeilge

	Fir	Mná	Iomlán
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin	221	294	515
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais	24	45	69
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais	2	3	5
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus níos lú ná sin lasmuigh den chóras oideachais	1	2	3
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh ach ní ariamh lasmuigh den chóras oideachais	1	0	1
Labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	202	155	357
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	155	136	291
Ní labhraíonn Gaeilge chomh minic lasmuigh den chóras oideachais	336	329	665
Ní labhraíonn Gaeilge riamh	92	70	162
Níl eolas	13	7	20
Iomlán cainteoirí Gaeilge	1,047	1,041	2,088

Foinse: Daonáireamh 2016


Tugann Daonáirimh 2006, 2011 agus 2016 léargas soiléir ar líon na gcainteoirí Gaeilge le deich mbliana anuas.

	2016	2011	2006
Cumas labhairt na Gaeilge 3 bliana d'aois + <sup>14</sup>	2088	2563	2557
Labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais	515	546	510
Labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais	357	457	463
Labhraíonn Gaeilge go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais	291	342	369

Foinse: Daonáireamh 2006, 2011, 2016

<sup>14</sup> I nDaonáireamh 2016 baineann an teolas leis an LPT amháin. Sna daonáirimh 2011 agus 2006 tá bailte fearainn áirithe san áireamh a bhfuil líon áirithe den daonra iontu ina gcónaí sa Ghaeltacht agus líon áirithe lasmuigh den Ghaeltacht.


Tá sé feicthe againn níos luaithe sa bplean seo nach bhfuil ach céatadán íseal de pháistí bunscoile arb í an Ghaeilge a dteanga baile. Tá baint mhór aige seo leis an líon ard tuismitheoirí nach de bhunadh na Gaeltachta iad.



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

### Sóisialú

Léiríonn an Suirbhé ar Thuismitheoirí gur trí Bhéarla nó trí Bhéarla den chuid is mó (meán 42%) a dhéanann an pobal sóisialú agus gur 6% de phobal an LPT ar an meán atá ag sóisialú trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó<sup>15</sup>.



Foinse: Suirbhé ar Thuismitheoirí

### Dúshlán

Oileán intíre é an LPT seo timpeallaithe ag bailte agus pobail a bhfuil an Ghaeilge imithe ar gcúl iontu leis na blianta. Go deimhin, is féidir a rá gur dhá oileán é an LPT mar nach bhfuil ceangal láidir eacnamaíochta ná sóisialta idir Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh.

Ní foláir an ceangal sin a chothú agus a neartú agus aird agus aire ar leith a thabhairt don phobal dúchasach a bhfuil an Ghaeilge ón gliabhán acu agus cabhair agus cúnaimh ó thaobh na teanga a thabhairt don líon mór daoine nach de bhunadh an cheantair iad ach atá anois curtha fúthu ann nó a thagann chun an cheantair go laethúil ar thóir oideachais agus fostaíochta.



# Beartha maidir le Staid na Gaeilge sa Limistéar

Is le tacaíocht láidir ó chinnirí pobail agus ón Státchóras a rachfar i bhfeidhm ar phobal an LPT le go dtabharfar aire agus cosaint dá bhfuil acu den teanga agus go dtabharfar spreagadh, misneach agus bród ina ndúchas dóibh siúd eile a bhfuil cónaí orth san LPT.

## 11.1 Feachtas Feasachta

Réimse:	11. Staid na Gaeilge sa Limistéar	Critéar Pleanála Teanga	2,3,14,15
Eolas breise	Moltar feachtas feasachta agus eolais a chur ar bun sa bpobal le léiriú don phobal an tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamaíochta atá leis an teanga.		
Aidhm	Tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamaíochta na Gaeilge a phoibliú sa bpobal		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> RCOG, Údarás na Gaeltachta		
Saolré	<b>Bliain 1-7:</b> Fógraí móra le manaí éagsúla ag léiriú tábhacht na teanga a chur in airde sa bpobal in ionaid fheiceálacha phoiblí - páirceanna peile, páirceanna spraoi, hallaí pobail, scoileanna, Bileoga eolais ar thábhacht na Gaeilge a scaipeadh ar gach teaghlach san LPT <b>Poiblíocht don Ghaeilge san LPT a lorg ar na meáin</b> <b>Bliain 3-7</b> Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€14,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An pobal a chur ar an eolas maidir le tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamúil na teanga		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	An plean feasachta agus eolais a chur i bhfeidhm		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Feachtas fógraí poiblí a bheith feiceálach ar fud an LPT ag léiriú tábhacht na teanga <b>Tuairiscí rialta ón OPT</b> Monatóireacht rialta ar an bplean Athbhreithniú tar éis bliain 2		

## 11.2 Bainistiú Teanga sa bPobal

Réimse:	11. Staid na Gaeilge sa Limistéar	Critéar Pleanála Teanga	2,3,14,15
Eolas breise	Cuirfidh gach eagraíocht/cumann sóisialta agus forbartha san LPT polasaí sonracha teanga i bhfeidhm. Déanfaidh CDS polasaí oiriúnach a dhearadh agus a aontú le gach eagraíocht/cumann		
Aidhm	Ardú suntasach a dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga shóisialta agus oibre na gcumann/n-eagraíochtaí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Cumainn/Eagraíochtaí an LPT		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Aontóidh CDS polasaí sonracha teanga le gach eagraíocht/cumann <b>Bliain 2-7:</b> Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí agus mar atá ag éirí leis		
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000 Páipéarachas agus poiblíocht	<b>Foinsí Maoinithe</b>	Údarás na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Deis a thabhairt don phobal an Ghaeilge a bheith mar theanga sóisialaithe sa bpobal		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Déanfar polasaí sonracha a dhearadh agus a aontú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CDS le polasaí sonracha teanga a dhearadh agus a aontú Tuairiscí rialta agus léirmheas do gach eagraíocht/cumann ar an dul chun cinn		

## 11.3 Glór na nGael

Bhíodh pobal Thuar Mhic Éadaigh an-ghníomhach i gcomórtas nGlór na nGael ar feadh blianta. Bhain siad amach duaiseanna ar feadh trí bliana as a chéile go 2015. Bheadh sé inmholta go mbeadh Tuar Mhic

Éadaigh páirteach sa gcomórtas arís. Tá sé i gceist ag CDS Teo. go mbeadh Dúiche Sheoigheach páirteach sa gcomórtas. Níor mhiste go ndéanfaí iarratas aontaithe idir an dá phobal ar an gcomórtas.

Réimse:	11. Staid na Gaeilge sa Limistéar	Critéar Pleanála Teanga	2,3,14,15
Eolas breise	Bunófar coiste le páirt a ghlacadh i gcomórtas Ghlór na nGael		
Aidhm	Aird náisiúnta a tharraingt ar dhul chun cinn na Gaeilge san LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	<b>Príomhúinéir:</b> CDS/ CCTFTMÉ <b>Páirtithe Leasmhara:</b> Glór na nGael		
Saolré	<b>Bliain 1:</b> Bunófar coiste áitiúil a bheadh ionadaíoch ar an dá phobal. Déanfar teagmháil le Glór na nGael <b>Bliain 2:</b> Déanfar iarratas ar chomórtas Ghlór na nGael		
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000	<b>Foinsí Maoinithe</b>	CDS
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Coistí agus eagraíochtaí an LPT a aontú le iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Coiste a eagrú le tabhairt faoin gcomórtas		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Déanfar teagmháil le Glór na nGael agus tabharfar faoi choiste áitiúil a bhunú agus iarratas a dhéanamh		

# Achoimre ar bheartais gnímh Phlean Teanga Dhúiche Sheoigheach & Thuar Mhic Éadaigh

1.1 Go mbunófaí Fóram Oideachais ar a mbeadh ballraíocht ó naíonraí & scoileanna an LPT ar mhaithe le leanúnachas in iompar teanga a bhuanú.

1.2 Go ndéanfaí taighde agus forbairt ar mhodh éifeachtach seachadadh eolais maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoirí agus a bpáistí.

1.3 Go gcinnteofaí gur múinteoirí/stiúrtóirí le Gaeilge líofa a cheapfaí sa naíonra ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú i measc páistí óga

1.4 Go gcinnteodh na seirbhísí Stáit ar fad a dhéanann cigireacht ar na seirbhísí luathbhlianta gur i nGaeilge amháin a dhéanfaí an chigireacht.

1.5 Tacaíocht a chur ar fáil le cur le plean Borradh de chuid CNNG ionas go bhféadfaí na páistí sna naíonraí a thabhairt ar chuirteanna agus ar shiúlóidí agus imeachtaí eile a thabharfadh deiseanna dóibh foclóir agus teanga níos saibhre a shealbhú.

1.6 Go ndéanfaí forbairt ar mhodúl tríú leibhéal trí Ghaeilge sa luathoideachas. Go ndéanfaí forbairt ar chúrsa tríú leibhéal i sealbhú agus saibhriú teanga.

1.7 Go mbeadh stiúrtóirí naíonra i dteideal pá i rith na bliana ar fad.

1.8 Go gcinnteofaí gur múinteoirí le Gaeilge líofa a cheapfaí sa bhunscoil ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú.

1.9 Cleachtas bainistithe teanga i gclós na scoile a fheidhmiú ionas go mbeadh na páistí ar fad ag labhairt Gaeilge go nádúrtha sa gclós laistigh de sheal blianta.

1.10 Go dtabharfaí ar ais leagan nua de Scéim Labhairt na Gaeilge do pháistí bunscóile.

1.11 Go gcomhlíonfadh gach bunscóil san LPT na critéir a bhaineann leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta le haitheantas mar Scoil Ghaeltachta a chinntiú.

1.12 Go mbeadh cuntaí teanga ar fáil do gach bunscóil san LPT agus go ndéanfaí an scéim níos cinnte agus

níos leanúnaí, réidh le tosú ag tús na scoilbhliana.

1.13 Aitheantas mar Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a chinntiú don dá mheánscoil san LPT.

1.14 Post freagartha foirne, le haitheantas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, a chruthú sa dá mheánscoil arb é dualgas an phoist polasaí Gaeilge na scoile a dhaingniú agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach.

1.15 Athbhreithniú a dhéanamh ar Scéim na gCúntóirí Teanga ar mhaithe le cúntóirí teanga a bheith ar fáil san dá mheánscoil san LPT.

1.16 Go bhforbrófaí an Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) mar atá sonraithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, ar mhaithe le go mbeadh soláthar céimithe ar fáil le socrúchán/poist a bhaint amach in iarbhunscoileanna Gaeltachta ex quota.

1.17 Córas cinnireachta a eagrú i measc na scoláirí le meas ar an nGaeilge a chruthú.

1.18 Seisiúin eolais rialta ar théarmaí meáin shóisialta, réacsáil etc. i nGaeilge. Comórtais físeáin agus cláracha eile a eagrú idir na scoláirí le duaiseanna tarraingteacha.

2.1 Athchóiriú a dhéanamh ar na hionaid pobail san LPT & Ionad Cúram Leanaí/Ionad Tacaíochta Teaghlaigh/Ionad Buail Isteach a fhorbairt.

2.2 Go ndéanfaí staidéar féidearthachta ar thógáil Lárionad Tacaíochta Teaghlaigh san LPT.

3.1 Go n-athbhunófaí an club óige áitiúil i gCorr na Móna agus ar an Mám. Go ndéanfaí iarracht cinnirí le Gaeilge a bheith gníomhach i gclub Foróige i dTuair Mhic Éadaigh ar mhaithe le himeachtaí trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa gclub.

3.2 Go gcuirfí polasaí sonracha Gaeilge i bhfeidhm i ngach eagrais atá ag déileáil go díreach le daoine óga.

3.3 Scéim oiliúna a thionscnamh le bonn a chur in athuair faoi na healaíona béil.

3.4 Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag tuimsitheoirí óga ar bheagán Gaeilge, agus a gcuid páistí, teacht le chéile go rialta i dtimpeallacht ina mbeadh deis acu ar chómhrá simplí i nGaeilge a chleachtadh.

